C/2025/3699

16.7.2025

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

Treoraíocht maidir le hAirteagal 20a i dtaca le comhtháthú earnála an leictreachais inathnuaite de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413

(C/2025/3699)

Leathanach

Clár

1. Réamhrá 2
2. Comhthéacs dlí agus beartais 2
   - 2.1. Comhthéacs dlí 2
   - 2.2. Comhthéacs an bheartais 4
3. Cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoi Airteagal 20a 5
   - 3.1. Rochtain ar fhaisnéis maidir le sciar an leictreachais in-athnuaite agus cion astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais arna sholáthar agus maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh 5
     - 3.1.1. Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(1) 5
     - 3.1.2. Sonraí a roinnt 5
     - 3.1.3. Rochtain ar fhaisnéis le haghaidh oibreoirí córas dáileacháin 7
     - 3.1.4. Dreasachtaí le haghaidh uasghráduithe ar eangacha cliste 8
     - 3.1.5. Sonraí maidir le hacmhainneacht freagartha don éileamh agus leictreachas arna ghiniúint ag féintomhaltóirí agus ag pobail fuinnimh in-athnuaite 9
   - 3.2. Idir-inoibritheacht agus cur chuige comhchuibhithe maidir le rochtain ar shonraí 10
     - 3.2.1. Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(2) 10
     - 3.2.2. Idir-inoibritheacht agus comhchuibhiú 11
   - 3.3. Ceanglas maidir le rochtain ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí a chumasú 12
     - 3.3.1. Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(3) 12
     - 3.3.2. Formáid sonraí ceallra 15
     - 3.3.3. Rochtain ar shonraí d'úinéirí, d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe 'ag gníomhú, le toiliú sainráite, thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí' 16
     - 3.3.4. Rochtain ar shonraí ceallraí a áirithiú i 'bhfíor-am', faoi 'théarmaí neamh-idirdhealaitheacha' agus 'gan aon chostas' 17
     - 3.3.5. Comhéadan an mhalartaithe 18
   - 3.4. Oibleagáid feidhmiúlachtaí athluchtaithe cliste agus, i gcás inarb iomchuí, feidhmiúlachtaí athluchtaithe déthreocha a áirithiú 19
     - 3.4.1. Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(4) 19
     - 3.4.2. Athluchtú cliste 20
     - 3.4.3. Comhéadan le méadair chliste, i gcás inarb iomchuí 21
     - 3.4.4. Athluchtú déthreoch, i gcás inarb iomchuí 21
     - 3.4.5. Ríomhfhánaíocht 23
   - 3.5. Rochtain neamh-idirdhealaitheach do shócmhainní stórála beaga agus soghluaiste ar na margaí leictreachais 23
     - 3.5.1. Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(5) 23
     - 3.5.2. Oibleagáid mhionsonraithe 24

Iarscríbhinn I — Oibleagáidí faoi Airteagal 20a 26

Iarscríbhinn II — Sainmhínithe ábhartha 27

1. **Réamhrá**

Is é is aidhm don doiciméad seo treoir a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le trasuí fhorálacha Airteagal 20a de Threoir (AE) 2018/2001 ([1]) maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413 (dá ngairtear 'RED athbhreithnithe' nó an 'Treoir athbhreithnithe' anseo feasta). Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir (AE) 2023/2413, lena dtugtar isteach Airteagal 20a, i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tháinig sí i bhfeidhm an 20 Samhain 2023.

Is é is aidhm fhoriomlán don Airteagal 20a nua (agus do na sainmhínithe atá i bpointí (14c) go (14p) d'Airteagal 2) den Treoir athbhreithnithe comhtháthú na gcóras fuinnimh a éascú bunaithe ar leictreachas in-athnuaite, agus a áirithiú go gceadófar leis an gcóras leictreachais sciar níos airde den leictreachas in-athnuaite ar bhealach atá barrmhaith ó thaobh costais de. Dá bhrí sin, is é is aidhm d'Airteagal 20a é sin a bhaint amach trí oibleagáidí a leagan síos maidir le rochtain ar shonraí agus rochtain ar an margadh. Go sonrach, ceanglaítear leis, an méid seo a leanas:

— Beidh ar Oibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) agus, más féidir, ar Oibreoirí Córais Dáileacháin (OCDanna) faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar ina gcríoch, chun trédhearcacht a mhéadú agus tuilleadh faisnéise a thabhairt do ghníomhaithe sa mhargadh leictreachais, comhbhailitheoirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear úsáideoirí feithiclí leictreacha;

— Beidh ar mhonaróirí Ceallraí agus Feithiclí Leictreacha (EV) rochtain ar fhaisnéis maidir le córas bainistithe ceallraí a chumasú le haghaidh úinéirí agus úsáideoirí ceallraí, mar aon le tríú páirtithe a ghníomhaíonn thar a gceann;

— Beidh ar na Ballstáit athluchtú cliste a áirithiú agus, i gcás inarb iomchuí, an comhéadan le córais méadraithe chliste, má tá siad imscartha ag na Ballstáit, agus feidhmiúlachtaí athluchtaithe déthreocha le haghaidh pointí athluchtaithe gnáthchumhachta, nach bhfuil inrochtana don phobal, a áirithiú;

— Beidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain neamh-idirdhealaitheach ag sócmhainní stórála beaga agus soghluaiste ar mhargaí na seirbhísí cothromúcháin agus solúbthachta.

Beidh ar na Ballstáit Airteagal 20a a thrasuí laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí, is é sin faoin 21 Bealtaine 2025. I ndáil leis sin, is é is aidhm don doiciméad seo treoir a thabhairt do na Ballstáit agus dá n-údaráis maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha nua sin. Cuideoidh sé le trasuí agus cur chun feidhme tráthúil Airteagal 20a a áirithiú agus comhsheasmhacht le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a áirithiú san am céanna, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin a mhéid is féidir.

Agus an Teachtaireacht seo á hullmhú aige, chuir an Coimisiún san áireamh moltaí a fuarthas ó staidéar tiomnaithe ar chúnamh teicniúil maidir le comhtháthú córas fuinnimh a chur chun cinn trí ról méadaithe an leictreachais in-athnuaite, na sócmhainní díláraithe agus na hidrigine ([2]).

Tá sé beartaithe go mbeadh an doiciméad seo go huathúil mar threoir. Níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs reachtaíocht an Aontais féin. Baineann an léirmhíniú ceangailteach ar reachtaíocht an Aontais le hinniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Na tuairimí a chuirtear in iúl sa treoir seo, tá siad gan dochar don seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

2. **Comhthéacs dlí agus beartais**

2.1. ***Comhthéacs dlí***

Thug an Coimisiún isteach Airteagal 20a nua mar obair leantach ar Straitéis mhí Iúil 2020 um Chomhtháthú Córas Fuinnimh ([3]) chun córas atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus níos ciorclaí a chur chun cinn, arna oiriúnú do sciartha níos airde d'fhoinsí in-athnuaite agus do leictriú méadaithe.

([1]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).
([2]) Conradh sonrach ENER/C1/2022-530 faoi Chreatchonradh ENER/C1/2022-530.
([3]) COM(2020) 299 Final, Teachtaireacht maidir le geilleagar aeráidneodrach a chumhachtú: Straitéis an Aontais maidir le Comhtháthú Córais Fuinnimh.

Tá an tAirteagal 20a nua comhlántach le píosaí eile de reachtaíocht an Aontais agus/nó idirnasctha go díreach leo, go háirithe an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha(AE) 2023/1804 ([4]), Rialachán maidir le Ceallraí (AE) 2023/1542 ([5]), Rialachán maidir le Cineálcheadú(AE) 2018/858 (arna leasú) ([6]), Treoir (AE) 2019/944 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas (an Treoir maidir le Leictreachas) ([7]) agus Rialachán(AE) 2019/943 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (an Rialachán maidir le Leictreachas) ([8]), lena n-áirítear na leasuithe ar sholúbthacht a glacadh le déanaí ([9]). Ina theannta sin, tá idirnaisc ag Airteagal 20a leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (an Treoir maidir le FFF) ([10]), ina bhfuil ceanglais shonracha maidir le pointí athluchtaithe i bhfoirgnimh. Tá naisc ag Airteagal 20a freisin leis an Rialachán i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí) ([11]), ina bhfuil bunphrionsabail maidir le rochtain a fháil ar shonraí agus iad a úsáid ar fud gheilleagar na hEorpa (féach Table 1 thíos).

Tábla 1

Forléargas ar fhorálacha Airteagal 20a agus ar na hidirnaisc le reachtaíocht an Aontais

Airteagal 20a	An Treoir maidir le Leictreachas	An Rialachán Leictreachais	AFIR	An Treoir maidir le FFF	An Rialachán maidir le Ceallraí	An Gníomh um Shonraí
Mír 1	Airteagal 23	Airteagal 6				Airteagal 33
Mír 2	Airteagail 23, 24, 31, 40, 59	Airteagal 57				
Mír 3					Airteagal 14	Airteagail 5,7, 9, agus 40(2)
Mír 4			Airteagal 15(3) agus (4), Airteagal 20, Airteagal 5(7) agus (8), Airteagal 22 agus Iarscríbhinn II(2)	Airteag-ail 14, 15 agus 16		
Mír 5	Airteagail 3, 11, 13, 15 – 17, 31, 32, 33 agus 40	Airteagail 6, 18, 20, 22				

([4]) Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartach, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (IO L 234, 22.9.2023, Ich. 1).

([5]) Rialachán(AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán(AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, Ich. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, Ich. 1).

([7]) Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, Ich. 125).

([8]) Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, Ich. 54).

([9]) Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le dearadh mhargadh leictreachais an Aontais a fheabhsú (IO L, 2024/1747, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1747/oj).

([10]) Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj).

2.2. ***Comhthéacs an bheartais***

Tá sprioc nua an Aontais maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite do 2030 socraithe ag 42,5 %, agus é ina aidhm 45 % a bhaint amach faoi 2030. Cé go bhfuil sé beartaithe go leathnófar fuinneamh in-athnuaite ar fud earnálacha éagsúla, tá coinne leis go sroichfear na sciartha is airde in earnáil na cumhachta. Meastar go dtiocfaidh méadú ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an leictreachais ó 37,5 % in 2020 go dtí thart ar 69 % in 2030 ([12]). An tráth céanna, meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an éileamh ar leictreachas, agus go sroichfidh sé 1/3 den tomhaltas fuinnimh deiridh in 2030 ó 22,1 % in 2022.

Leis an méadú sin ar an leictriú atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh mar aon le comhtháthú an chórais, cuirtear deis ar fáil chun conair chostéifeachtach a bhaint amach chun earnálacha úsáide deiridh amhail earnáil an iompair, earnáil an téimh agus an fhuaraithe agus earnáil na tionsclaíochta a dhícharbónú. Tá sé sin ag tarlú cheana féin: Suiteáladh 16 GW de thoilleadh nua gaoithe agus 41 GW de thoilleadh nua gréine san Aontas in 2022, méadú 45 % agus 47 % faoi seach i gcomparáid le 2021. Shroich díolacháin teaschaidéal 3 mhilliún in 2022 (méadú 40 % i gcomparáid le 2021), agus shroich díolacháin feithiclí leictreacha 1.2 milliún in 2022 (méadú 14 % i gcomparáid le 2021).

Ní mór dul chun cinn níos tapa a dhéanamh maidir le comhtháthú na gcóras fuinnimh. Chuige sin, soláthraítear le RED athbhreithnithe creat cumasúcháin chun leictriú a chur chun cinn trí fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid ar fud earnálacha éagsúla éilimh agus chun acmhainní fuinnimh dáilte amhail feithiclí leictreacha, córais fhótavoltacha agus teaschaidéil a chomhtháthú. Leis na bearta sin, éascófar leictriú ó fhoinsí in-athnuaite freisin a bhuí le deonú ceadanna cuíchóirithe le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus le deireadh a chur le bacainní ar chomhaontuithe ceannaigh cumhachta.

Mar sin féin, tá géarghá le dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann lena gcuirtear cosc ar leathadh amach ollmhór an leictreachais in-athnuaite. Áirítear orthu sin an gá atá le hacmhainní na n-eangach a mhéadú ar an leibhéal dáileacháin agus tarchurtha agus bonneagar eangaí níos solúbtha agus níos cliste a fhorbairt lenar féidir méid méadaithe de leictreachas in-athnuaite athraitheach a chomhtháthú, agus acmhainní fuinnimh dáilte amhail feithiclí leictreacha (EVanna), feithiclí fótavoltacha agus teaschaidéil. I bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hEangacha ([13]) moltar bearta nithiúla chun dlús a chur le hinfheistíochtaí i gcur in úsáid agus i ndigitiú na n-eangach.

Go deimhin, ní mór solúbthacht i gcóras leictreachais an Aontais a dhúbailt beagnach faoi 2030 i gcomparáid le 2022 ([14]). Is foinse thábhachtach solúbthachta í an fhreagairt don éileamh agus cuirtear ar chumas acmhainní fuinnimh agus tomhaltóirí léi a dtomhaltas nó a dtáirgeadh a athrú nó a choigeartú mar fhreagairt ar chomharthaí praghais. Dá mbeadh faisnéis ann maidir leis an nginiúint fuinnimh dháilte agus na hacmhainní solúbthachta a shuiteáiltear ina n-eangacha, amhail feithiclí leictreacha, ceallraí, teaschaidéil nó painéil ghréine, bheadh oibreoirí córais dáileacháin in ann a líonraí a phleanáil agus a oibriú ar bhealach níos fearr. Is príomhghníomhaithe iad DSOanna freisin chun an eangach a dhéanamh níos solúbtha, níos cliste agus níos ábalta freastal ar chustaiméirí nasctha agus chun riosca plódaithe a sheachaint. Dá mhéad sonraí mionsonraithe dinimiciúla a bheidh ag DSOanna maidir le suiteálacha giniúna díláraithe agus ó thomhaltóirí nasctha, is amhlaidh is fearr agus is solúbtha a bheidh siad in ann an eangach a phleanáil agus a bhainistiú.

I gcomhthéacs chomhtháthú an chórais fuinnimh, beidh ról lárnach ag feithiclí leictreacha maidir le geilleagar agus earnáil iompair na hEorpa a dhícharbónú, go háirithe, agus beifear in ann spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú, chomh maith le rannchuidiú le glacadh leictreachais in-athnuaite. Meastar go dtiocfaidh méadú ar dhíolacháin feithiclí leictreacha nua go dtí thart ar 40 milliún in 2030 agus 152 mhilliún in 2040 ([15]), ([16])). Léirítear i staidéir go bhféadfadh ceallraí feithiclí leictreacha freastal go hiomlán ar an ngá atá le stóráil leictreachais ghearrthéarmach ar fud an domhain faoi 2030. Bheadh tairbhí suntasacha ag baint leis sin i dtéarmaí éifeachtúlacht eangaí agus billí fuinnimh laghdaithe do thomhaltóirí, ós rud é go mbeadh feithiclí leictreacha in ann seirbhísí cothromúcháin agus solúbthachta a sholáthar trí fhreagairt don éileamh agus trí stóráil a bhuí le hathluchtú cliste agus déthreoch i spásanna páirceála nach bhfuil inrochtana go poiblí (i.e. foirgnimh chónaithe agus oifige ina mbíonn feithiclí páirceáilte ar feadh tréimhse níos faide de ghnáth).

Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an líon EVanna, is gá oibríochtaí athluchtaithe a bharrfheabhsú agus a bhainistiú go héifeachtach chun iad a chomhtháthú go tapa san eangach leictreachais. Chun an méid sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine RED athbhreithnithe agus na píosaí reachtaíochta gaolmhara agus go n-oibreoidh siad i gcomhar leis na páirtithe leasmhara agus leis na gníomhaithe margaidh chun na bacainní atá fós ann ar athluchtú cliste agus déthreoch a shárú.

([12]) COM(2022)230 final.
([13]) COM(2023) 757 final.
([14]) Tuarascáil chomhpháirteach ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) (Meán Fómhair 2023).
([15]) Measúnú Tionchair a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2040, SWD(2024) 63 final.
([16]) Measann Eurelectric go dtiocfaidh méadú ar sciar na bhfeithiclí leictreacha go dtí thart ar 57-58 % in 2040 agus 79-80 % in 2050, agus meastar go sroichfidh an sciar leictreachais i dtomhaltas fuinnimh gluaisteán paisinéirí thart ar 31-33 % faoi 2040 agus 60-70 % faoi 2050 (An EV Explainer – Eurelectric – Powering People).

Ar deireadh, tá rannpháirtíocht ghníomhach tomhaltóirí sna margaí leictreachais ríthábhachtach, go díreach nó trí chomhbhailitheoirí, trí chineálacha éagsúla rannpháirtíochta mar fhéintomhaltóirí ina n-aonar nó trí chomhscéimeanna féintomhaltais, nó mar chuid de phobail fuinnimh. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar shonraí fíor-ama maidir le saintréithe an fhuinnimh a sholáthraítear (amhail sciar fuinnimh in-athnuaite, cion na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa), ar an gcaoi chéanna leis an bhfaisnéis atá acu cheana faoi phraghsanna fuinnimh. Cuirfidh sé sin ar a gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun imeacht ó úsáid fuinnimh iontaise go foinsí fuinnimh in-athnuaite.

3. **Cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoi Airteagal 20a**

3.1. ***Rochtain ar fhaisnéis maidir le sciar an leictreachais in-athnuaite agus cion astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais arna sholáthar agus maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh***

3.1.1. *Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(1)*

Ní mór do thomhaltóirí faisnéis úsáideach a bheith acu maidir le dul i bhfód leictreachais in-athnuaite san eangach, ar bhealach trédhearcach agus gar d'fhíor-am, ionas go mbeidh siad in ann a dtomhaltas a choigeartú dá réir. Tá sé d'aidhm ag forálacha Airteagal 20a(1) é sin a áirithiú trí ghráinneacht na faisnéise maidir le sciar an leictreachais in-athnuaite san eangach don phobal a mhéadú ar bhealach inrochtana. Leis sin cuirfear ar chumas tomhaltóirí cinntí comhfhiosacha tomhaltais a dhéanamh agus a n-úsáid leictreachais a oiriúnú, mar shampla úsáideoirí feithiclí leictreacha chun a bhfeithicil a luchtú nó a dhíluchtú agus seirbhísí solúbthachta a sholáthar bunaithe ar chomharthaí faoin bhfuinneamh in-athnuaite. Leis sin cruthófar dreasachtaí freisin le haghaidh infheistíochtaí i samhlacha gnó nuálacha, lena gcomhtháthófar leictreachas in-athnuaite agus lena méadófar éifeachtúlacht na heangaí.

Go sonrach, le mír (1) d'Airteagal 20a cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

— ceangal a chur ar OCTanna agus, má tá siad ar fáil, ar OCDanna freisin sonraí a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus cion astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais arna sholáthar i ngach crios tairisceana;

— na sonraí sin a chur ar fáil, chomh cruinn agus is féidir in eatraimh atá cothrom le minicíocht socraíochta an mhargaidh ach nach faide ná uair an chloig, agus réamhaisnéis á déanamh i gcás ina mbeidh fáil uirthi;

— a áirithiú go bhfuil rochtain ag na hoibreoirí córas dáileacháin ar na sonraí is gá;

— dreasachtaí a chur ar fáil le haghaidh uasghráduithe ar eangacha cliste agus

— a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí córas dáileacháin sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe ar fáil, má tá siad ar fáil go teicniúil, maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh agus maidir leis an leictreachas in-athnuaite arna ghiniúint agus arna instealladh isteach san eangach ag féintomhaltóirí agus ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite.

Is é is cuspóir d'Airteagal 20a(1) rochtain ar fhaisnéis faoin leictreachas in-athnuaite atá ar fáil san eangach a áirithiú i bhfíor-am, ionas gur féidir le tomhaltóirí, mar shampla, a dtomhaltas leictreachais a choigeartú go huaireanta a bhfuil sciar ard leictreachais inathnuaite acu.

3.1.2. *Sonraí a roinnt*

Bunaithe ar oibleagáidí Airteagal 20a(1), ní mór do na Ballstáit a shonrú ina reachtaíocht náisiúnta go gcuirfidh oibreoirí córais sonraí ar fáil maidir leis an sciar leictreachais in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana, in eatraimh atá comhionann le minicíocht socraíochta an mhargaidh agus nach faide ná uair an chloig agus deis ann réamhaisnéis a úsáid.

Soláthraíonn formhór OCTanna, agus i roinnt Ballstát OCDanna freisin, sonraí fíor-ama maidir le giniúint agus tomhaltas leictreachais cheana féin, lena n-áirítear rannchuidiú foinsí fuinnimh in-athnuaite, ar a suíomhanna gréasáin oifigiúla, a fheidhmíonn mar ardáin sonraí (mar Ardáin um Malartú Sonraí nó mar mhoil sonraí) (féach Bosca 1). Dá bhrí sin, bealach éifeachtach chun Airteagal 20a(1) a chur chun feidhme is ea úsáid a bhaint as Ardáin um Malartaithe Sonraí atá ann cheana chun na sonraí maidir le sciar an leictreachais in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa a fhoilsiú gar don fhíor-am (cothrom le heatramh minicíochta an mhargaidh). D'fhéadfadh na hardáin sin a bheith úsáideach freisin chun críocha staidrimh. Tugtar le tuiscint leis an gceanglas maidir le hinfhaighteacht sonraí go mbeidh rochtain ar na hardáin sin ar bhealach simplí. Beidh ar údaráis na mBallstát measúnú a dhéanamh ar na catagóirí sonraí breise is gá a chur leis na hArdáin um Malartaithe Sonraí atá ann cheana chun soláthar faisnéise faoi Airteagal 20a(1) a áirithiú.

Bosca 1 – Ardáin sonraí i gcomhthéacs na reachtaíochta maidir leis an margadh leictreachais

D'fhéadfaí breathnú ar ardáin um malartaithe sonraí nó moil sonraí mar thairseach aonair chun rochtain a fháil ar shonraí maidir leis an margadh leictreachais ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le reachtaíocht an mhargaidh leictreachais. Tá faisnéis maidir le praghsanna mórdhíola agus cothromúcháin leictreachais agus an sciar leictreachais in-athnuaite ar fáil cheana féin i bhfíor-am beagnach ([17])). Soláthraítear leis an Treoir maidir le Leictreachas buncheanglais maidir le malartú sonraí agus infhaighteacht sonraí do thomhaltóirí i bhfíor-am. Ina theannta sin, ceanglaítear le rialacháin theicniúla an mhargaidh leictreachais malartú sonraí idir rannpháirtithe sa mhargadh.

Le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2023/2854 i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí ('an Gníomh um Shonraí'), soláthraítear na rialacha ginearálta chun infhaighteacht faisnéise maidir le seirbhísí comhroinnte sonraí nó ardáin a áirithiú trí e.g. Comhéadain Feidhmchláir (API) ([18]) agus, i gcás inar féidir, idir-inoibritheacht uirlisí le haghaidh malartú comhchuibhithe sonraí a chumasú.

Tá modhanna éagsúla ann chun sonraí ó Ardáin um Malartaithe Sonraí a chomhroinnt le OCDanna agus le gníomhaithe margaidh eile, mar shampla trí API, seirbhísí gréasáin agus malartuithe comhadbhunaithe (e.g., XML, CSV, RDF, JSON). Cuirtear aisghabháil agus comhtháthú éifeachtúil sonraí ar fáil le APIanna, agus cuirtear solúbthacht níos fearr ar fáil i gcomparáid leis na modhanna eile.

Is iad OCTanna agus OCDanna a oibríonn ardáin sonraí i bhformhór na gcásanna. Mar shampla, tá EDSN san Ísiltír faoi úinéireacht seacht OCDanna agus OCT, agus tá OCDanna rannpháirteach go gníomhach i mbainistiú sonraí leis seo. Tá na hardáin sonraí san Eastóin agus san Ísiltír níos dírithe ar chustaiméirí deiridh leictreachais (tomhaltóirí, táirgeoirí is tomhaltóirí), ach dírítear leis na hardáin sonraí sa Bheilg agus san Iodáil ar sholáthróirí agus ar pháirtithe freagracha a chothromú chun a bpróisis ghnó a éascú. Foilsítear ar chuid de na hardáin sonraí sin sonraí comhcheangailte *ex ante* (réamhaisnéisí) () agus *ex post* (sreabha réadaithe). D'fhéadfadh gráinneacht sonraí na n-ardán sonraí sin a bheith éagsúil idir nóiméad amháin agus uair an chloig.

Tá an oibleagáid chun sonraí maidir leis an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus an cion astaíochtaí GCT a chur ar fáil gar d'fhíor-am i gcomhréir leis na rialacha faoin Rialachán Leictreachais. Ceanglaítear le hAirteagal 8(4) den Rialachán Leictreachais nach mór 15 nóiméad a bheith sa tréimhse réitigh éagothroime i ngach limistéar sceidealaithe faoin 1 Eanáir 2021, ach amháin má dheonaigh an t-údarás rialála maolú nó díolúine ([19])).

Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide atá in Airteagal 20a(1) faisnéis a fhoilsiú maidir leis an **sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus cion astaíochtaí GCT**, ba ghá allmhairí agus onnmhairí a chur san áireamh chun tomhaltas leictreachais i gcrios tairisceana ar leith a léiriú. I gcás OCDanna, chiallódh sé sin cuntasaíocht do shreafaí leictreachais idir gréasáin dáileacháin agus gréasáin tarchurtha. Go sonrach, a mhéid a bhaineann leis an bhformáid sonraí:

— Maidir leis an **sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite** a shloinneadh mar **chéatadán** den leictreachas a sholáthraítear trí chuntas a thabhairt ar shreafaí leictreachais allmhairithe agus onnmhairithe, tá sé sin comhleanúnach le formhór na n-oibreoirí córais tarchurtha a fhoilsíonn sonraí maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite cheana féin ar a n-Ardáin um Malartaithe Sonraí mar chéatadáin le haghaidh gach cineál giniúna in-athnuaite (mar shampla, an Bheilg agus an Ghearmáin);

— I gcás **cion astaíochtaí GCT**, moltar é a shloinneadh i **ngraim de choibhéis CO_2 in aghaidh an kWh,** arna ríomh bunaithe ar mheán ualaithe an leictreachais a instealltar isteach san eangach trí chuntas a thabhairt ar shreafaí leictreachais allmhairithe agus onnmhairithe.

([17]) Rialachán (AE) 2019/943 maidir le leictreachas agus Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún maidir le cothromú leictreachais, Treoir (AE) 2019/944 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas.

([18]) Is tacar rialacha nó prótacal é API a ligeann d'fheidhmchláir bogearraí cumarsáid a dhéanamh le chéile chun sonraí, gnéithe agus feidhmiúlacht a mhalartú. Mar shampla, leis an gClárlann Eorpach um Lipéadú Fuinnimh baintear úsáid as API freisin, lena soláthraítear rochtain ar shonraí poiblí le haghaidh táirgí atá cláraithe sa Chlárlann Eorpach um Lipéadú Fuinnimh.

([19]) Fuair roinnt Ballstát maoluithe agus faoin 1 Eanáir 2025, ní mór an tréimhse réitigh míchothromaíochtaí a chur chun feidhme i ngach réimse sceidealaithe.

Bealach barrmhaith chun na sonraí sin a chur ar fáil gar d'fhíor-am is ea APInna a úsáid chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara, go háirithe tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh, an fhaisnéis a aisghabháil go díreach ó phointe rochtana sonraí aonair, agus na sonraí sin a fháil go díreach chuig a ngairis (e.g. córais bainistithe fuinnimh nó foirgneamh, fóin phóca agus EVanna). Mar shampla, tá sonraí Ardán Trédhearcachta ENTSO-E ar fáil go poiblí agus is féidir rochtain a fháil orthu trí API. Ar leibhéal na mBallstát, soláthraítear le hardán sonraí Energieopwek san Ísiltír ([20]) an fhaisnéis maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite laistigh de thráthchlár 10 nóiméad agus cuirtear ar fáil é trí API.

Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cuntas a thabhairt ar an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ar an gcion astaíochtaí GCT, chun críocha Airteagal 20a(1) a chur chun feidhme, tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh na Ballstáit chun cinn úsáid cur chuige agus modheolaíochta comhchuibhithe ag oibreoirí córais. Ba cheart do na Ballstáit oibreoirí córais a spreagadh chun comhoibriú ar fud na mBallstát i gcreat comhair Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachas (ENTSO-E) agus i gcreat comhair chomhlachas na n-oibreoirí córais dáileacháin Eorpacha (Eintiteas an Aontais do OCDanna) chun a áirithiú go gcuirfear sreafaí trasteorann san áireamh go comhsheasmhach thar chriosanna tairisceana.

3.1.3. *Rochtain ar fhaisnéis le haghaidh oibreoirí córas dáileacháin*

Maidir leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ag **OCDanna** maidir leis an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus an cion astaíochtaí GCT, áirítear cheana féin in Airteagal 31 den Treoir maidir le Leictreachas oibleagáidí ar OCDanna an fhaisnéis a theastaíonn uathu le haghaidh rochtain éifeachtúil ar an gcóras leictreachais a sholáthar d'úsáideoirí córais, lena n-áirítear úsáid an chórais leictreachais agus a mhéid a bhaineann leis an gcomhar idir OCTanna agus OCDanna.

Leis an méadú atá ag teacht ar an líon custaiméirí gníomhacha a tháirgeann a gcuid leictreachais féin, ní mór do OCDanna a bheith ina soláthraithe seirbhíse níos réamhghníomhaí chun oibriú optamach na heangaí a áirithiú agus chun freastal ar chustaiméirí ar bhealach costéifeachtach. Chun go dtarlóidh sé sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an fhaisnéis is gá ag OCDanna maidir leis an leictreachas in-athnuaite atá ar fáil ina gcóras leictreachais ionas go mbeidh siad in ann úsáid a bhaint as na seirbhísí atá nasctha le hacmhainní fuinnimh dáilte amhail freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh, bunaithe ar chomharthaí margaidh.

Sna Ballstáit ina n-imscartar córais méadraithe chliste, is iondúil gurb iad OCDanna a bhíonn freagrach as méadair chliste a shuiteáil, agus bíonn siad rannpháirteach sa phróiseas bainistithe sonraí freisin. Tá na Ballstáit freagrach as na rialacha a leagan síos maidir le bainistiú agus malartú sonraí (i.e. sonraí méadraithe agus tomhaltais chomh maith leis na sonraí is gá le haghaidh custaiméir a athraíonn go soláthróir eile, freagairt don éileamh agus seirbhísí eile), i gcomhréir le hAirteagail 23 agus 24 ([21]) den Treoir maidir le Leictreachas. Sa chreat sin, sannann na Ballstáit róil agus freagrachtaí sonracha do OCDanna agus do ghníomhaithe eile, ar bhonn a samhla bainistithe sonraí.

Tá sé ríthábhachtach go sonróidh na Ballstáit ina gcreat náisiúnta conas a bheidh OCDanna in ann na sonraí a fháil ó ghníomhaithe margaidh amhail comhbhailitheoirí, soláthróirí leictreachais agus féintomhaltóirí, pobail fuinnimh, cuideachtaí méadaithe, etc. maidir leis an leictreachas in-athnuaite. I gcás inar sonraí pearsanta iad na sonraí sin, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofar rochtain agus próiseáil ar na sonraí sin i gcomhréir leis na rialacha ginearálta maidir le cosaint sonraí ([22])[1]. I bhfianaise éagsúlacht mhór na OCDanna ar fud an Aontais agus na leibhéal éagsúil forbartha ar shamhlacha bailithe sonraí a úsáidtear sna Ballstáit, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit na sásraí atá ann cheana a chur ar bun nó a choigeartú chun socruithe comhair éifeachtacha a áirithiú i measc OCDanna agus OCTanna ar an leibhéal náisiúnta chun bailiú sonraí a éascú chun críocha Airteagal 20a(1) a chur chun feidhme. Leis na sásraí sin, ba cheart go soláthrófaí an bealach do OCDanna chun na sonraí a thaifeadadh gar d'fhíor-am maidir le sciar an leictreachais in-athnuaite agus cion astaíochtaí GCT an leictreachais arna sholáthar sa chóras dáileacháin leictreachais faoi seach trí na sreafaí leictreachais onnmhairithe agus allmhairithe a chur san áireamh, agus an chaoi a gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil trí chainéal faisnéise láraithe ar an leibhéal náisiúnta (dá dtagraítear thuas).

([20]) https://energieopwek.nl/en.

([21]) De réir Airteagal 24, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais chomh maith leis na sonraí is gá tráth a athraíonn custaiméir go soláthróir eile, freagairt don éileamh agus seirbhísí eile.

([22]) In Airteagal 23 den Treoir maidir le Leictreachas tá prionsabail maidir le gníomhaíochtaí bainistithe sonraí, foráiltear leis go n-áiritheoidh na Ballstáit rochtain agus malartú éifeachtúil agus slán ar shonraí. Ina theannta sin, meabhraítear ann go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Is iondúil gur tairseach aonair iad Ardáin um Malartaithe Sonraí sna Ballstáit le haghaidh rochtain ar shonraí ó sholáthraithe sonraí (amhail moil sonraí, soláthraithe seirbhísí solúbthachta, OCTanna, OCDanna) d'úsáideoirí sonraí (amhail OCTanna, OCDanna, Páirtithe Freagracha Cothromúcháin, tomhaltóirí, soláthróirí, soláthraithe seirbhísí fuinnimh) agus fágann sé sin gurb iad an príomhbhealach faisnéise iad.

Chun na hoibleagáidí maidir le rochtain ar fhaisnéis a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, is féidir leis na Ballstáit rochtain ar shonraí in ardáin sonraí a chumasú trí APInna a úsáid nó malartú sonraí a áirithiú trí na caighdeáin atá ar fáil amhail *Inter-Control Centre Communications Protocol* [Prótacal Cumarsáide an Lárionaid Idir-Rialtasaigh] (ICCP, IEC 60870-6/TASE.2), líonraí cumarsáide agus córais um uathoibriú fóntais cumhachta (IEC 61850-7), seirbhísí RESTful ([23]) trí na DEPanna a úsáid; mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach n-áiritheofaí leis na caighdeáin sin an leibhéal céanna éifeachtúlachta chun rochtain ar shonraí a chumasú agus a áirithítear le húsáid APInna.

I gcás nach bhfuil na sonraí ar fáil ag na OCDanna maidir leis an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus an cion astaíochtaí GCT den leictreachas a sholáthraítear in eangacha dáileacháin, mar mhalairt air sin, tugtar deis le hAirteagal 20a(1) úsáid a bhaint as an **gcóras tuairiscithe sonraí atá ann cheana faoi Ardán Trédhearcachta ENTSO-E** ([24]). Cuirtear sonraí láraithe ar fáil leis an Ardán seo maidir le giniúint, iompar agus tomhaltas leictreachais ar leibhéal an Aontais mar aon leis an ngráinneacht ar leibhéal an chreasa tairisceana, arna mbailiú ó sholáthraithe sonraí, lena n-áirítear OCTanna agus tríú páirtithe cáilithe eile.

I láthair na huaire, tá an tuairisciú do Ardán Trédhearcachta ENTSO-E teoranta do shuiteálacha ag a bhfuil acmhainneachtaí giniúna 100 MW agus os a chionn ([25])). Dá bhrí sin, agus an rogha sin á déanamh acu chun rochtain ar shonraí a chumasú do OCDanna, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le OCDanna an fhaisnéis bhreise a sholáthar maidir le hacmhainneachtaí giniúna níos lú, chun an teorainn sonraí sin a shárú.

3.1.4. *Dreasachtaí le haghaidh uasghráduithe ar eangacha cliste*

A mhéid a bhaineann leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit **dreasachtaí a sholáthar le haghaidh uasghráduithe ar eangacha cliste** (féach na samplaí i mBosca 2), mínítear in aithris 51 de Threoir (AE) 2023/2413 go bhfuil sé d'acmhainn ag cur in úsáid samhlacha gnó nuálacha agus réiteach digiteach tomhaltas a nascadh le leibhéal an fhuinnimh in-athnuaite san eangach leictreachais agus, ar an gcaoi sin, dreasachtaí a sholáthar le haghaidh na n-infheistíochtaí cearta sa líonra.

Leis an oibleagáid infheistíochtaí in eangacha cliste a dhreasú, comhlánaítear an ceanglas sa Treoir maidir le Leictreachas, maidir le córais dáileacháin a fhorbairt a bheidh bunaithe ar phleananna forbartha líonra, a bheidh le déanamh gach 2 bhliain ag na OCDanna, ina mbeidh na riachtanais maidir le heangacha cliste a chur in úsáid i limistéar gach OCD.

Chun na hoibleagáidí sin a chur chun feidhme, ní mór do na Ballstáit agus do na rialálaithe náisiúnta a áirithiú go mbunóidh OCDanna pleananna leordhóthanacha forbartha líonra bunaithe ar mhalartuithe trédhearcacha rialta leis na páirtithe leasmhara ábhartha amhail táirgeoirí agus soláthróirí fuinnimh in-athnuaite, comhbhailitheoirí lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta agus údaráis áitiúla etc.

Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil géarghá acu le nuachóiriú na n-eangach dáileacháin agus le cur in úsáid na n-eangach cliste áitiúil breithniú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil chun leithdháiltí faoi chistí an Bheartais chomhtháthaithe don earnáil sin a mhéadú. Moltar do OCDanna agus do OCTanna, le tacaíocht ó na Ballstáit faoi seach, machnamh a dhéanamh ar chomhpháirtíocht a dhéanamh chun Tionscadail Leasa Choitinn iarrthacha a mholadh maidir le heangacha cliste leictreachais, i gcomhréir le próiseas Rialachán GTE-F ([26]).

([23]) Úsáidtear APInna RESTful go coitianta i bhfeidhmchláir ghréasáin agus mhóibíleacha chun acmhainní agus sonraí ar chianchórais a aisghabháil nó a mhodhnú; Mar shampla, úsáideann suíomhanna meán sóisialta APIanna REST chun comhtháthú le feidhmchláir tríú páirtí agus chun nuashonruithe a phostáil.

([24]) Ardán Trédhearcachta ENTSO-E.

([25]) I gcomhréir le hAirteagal 16(1)a de Rialachán (AE) 543/2013 maidir le sonraí a chur isteach agus a fhoilsiú i margaí leictreachais.

([26]) Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, Ich. 45).

Bosca 2 – Gníomhaíochtaí maidir le heangacha agus maidir le digitiú an Chórais Fuinnimh

I bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hEangacha ([27]) iarrtar go bhfeabhsófaí pleanáil forbartha líonraí dáileacháin, go spreagfaí infheistíochtaí oirchilleacha i dtionscadail áirithe eangaí, go n-oiriúnófaí struchtúir taraifí líonraí chun forbairtí líonra agus córais a spreagadh lena n-áirítear maidir le heangacha cliste, go n-áiritheofaí rochtain ar mhaoiniú, go ndéanfaí ceadú eangaí a chuíchóiriú agus go n-éascófaí infheistíochtaí sa slabhra soláthair. Tacaítear sa Phlean Gníomhaíochta le forbairt pleananna forbartha líonra dáileacháin agus le glacadh teicneolaíochtaí cliste, nuálacha agus éifeachtúlachta gréasáin. Faoi chuimsiú Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an gCóras Fuinnimh a Dhigitiú ([28]), tá obair ar bun ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), CEER agus na húdaráis rialála náisiúnta (NRAnna), i gcomhar le ENTSO-E agus Eintiteas an Aontais do OCDanna, chun comhtháscairí eangaí cliste a shainiú. Déanann NRAnna faireachán ar infheistíochtaí cliste agus digiteacha san eangach leictreachais i gcomhréir le cuspóirí Airteagal 20a.

Tabharfaidh an Sainghrúpa um Fhuinneamh Cliste ([29]) agus a mheitheal thiomnaithe 'Sonraí don Fhuinneamh' (D4E) mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an gCóras Fuinnimh Digitalising the energy system, an Coimisiún, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha ábhartha le chéile chun an creat Eorpach a thógáil chun sonraí a bhaineann le fuinneamh a chomhroinnt. Cuideoidh D4E leis an gcomhordú a neartú ar leibhéal an Aontais maidir le malartuithe sonraí d'earnáil an fhuinnimh, lena sainítear na prionsabail tiomána agus lena n-áiritheofar comhsheasmhacht idir tosaíochtaí agus tionscnaimh éagsúla maidir le comhroinnt sonraí ([30])'.

3.1.5. *Sonraí maidir le hacmhainneacht freagartha don éileamh agus leictreachas arna ghiniúint ag féintomhaltóirí agus ag pobail fuinnimh in-athnuaite*

Tá freagairt don éileamh ríthábhachtach ionas go ndéanfar acmhainní fuinnimh dáilte amhail teaschaidéil, sócmhainní beaga stórála agus feithiclí leictreacha a chumasú chun páirt a ghlacadh sna seirbhísí solúbthachta, rud a bheidh ríthábhachtach chun an córas fuinnimh a chomhtháthú go ginearálta mar a luaitear in aithris 55 de RED athbhreithnithe. Mínítear in Aithris 51 freisin, chun freagairt don éileamh a cheadú agus chun dreasachtaí breise a sholáthar chun leictreachas glas a ionsú, nach mór sonraí a bheith bunaithe ní hamháin ar phraghsanna dinimiciúla ach freisin ar chomharthaí faoi dhul i bhfód iarbhír an leictreachais ghlais sa chóras.

Le hAirteagal 20a(1) tá oibleagáid ar OCDanna **sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe a sholáthar,** má tá siad ar fáil go teicniúil, maidir le hacmhainneacht freagartha don éileamh agus leictreachas inathnuaite arna ghiniúint agus arna instealladh san eangach ag féintomhaltóirí agus ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite. Cuireann an oibleagáid sin le hAirteagal 23 den Treoir maidir le Leictreachas, lena gceanglaítear rochtain ar shonraí custaiméirí deiridh. Tá forálacha comhlántacha i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1162 ([31]) freisin le haghaidh tomhaltóirí chun rochtain a fháil ar a sonraí méadraithe agus chun údarú a thabhairt freisin do thríú páirtithe sonraí maidir lena n-ídiú nó lena nginiúint fuinnimh a úsáid.

Braitheann an **acmhainneacht freagartha don éileamh** i gcóras dáileacháin den chuid is mó ar infhaighteacht ualaigh sholúbtha, i.e., sócmhainní tomhaltais leictreachais ar féidir leo a n-éileamh a choigeartú, taobh thiar den mhéadar nó os a chomhair. Is féidir sócmhainní den sórt sin a nascadh le custaiméirí nó próisis thionsclaíocha agus le custaiméirí tráchtála nó cónaithe, agus is féidir a áireamh leo teaschaidéil, pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha cónaithe nó atá inrochtana don phobal, ceallraí baile agus tionsclaíocha, etc.

Braitheann infhaighteacht theicniúil bhailiú na sonraí maidir le hacmhainneacht freagartha don éileamh den chuid is mó ar na próisis trína gcuirtear an OCD ar an eolas faoi na sócmhainní ualaigh sholúbtha atá suiteáilte ina chóras. Tá gá freisin le faisnéis níos mionsonraithe maidir leis an tsolúbthacht atá ann cheana agus an tsolúbthacht a d'fhéadfadh a bheith ann i gcóras leictreachais i gcomhréir leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Leictreachas.

Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit coinníollacha sonracha a leagan síos ina reachtaíocht náisiúnta chun go mbeidh na sonraí is gá maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh, dá dtagraítear in Airteagal 20a(1), 'ar fáil go teicniúil'.

Is é an príomhchoinníoll chun go mbeidh OCDanna in ann sonraí a bhailiú maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh, agus maidir le giniúint leictreachais in-athnuaite, agus instealladh isteach san eangach, go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoin nginiúint fuinnimh in-athnuaite, agus faoi shócmhainníualaigh sholúbtha, atá suiteáilte ina gcórais. Is é an modh is coitianta do DSOanna chun an fhaisnéis sin a bhailiú ná nós imeachta um cheadú nó um fhógra a thabhairt maidir le suiteáil fuinnimh in-athnuaite (féach Bosca 3). I gcásanna inar cosúil nach bhfuil gá le nós imeachta um cheadú nó um fhógra a thabhairt, is féidir oibleagáid maidir le OCD a chur ar an eolas a bhunú agus a fhorfheidhmiú freisin i gcomhar le suiteálaithe.

([27]) eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023DC0757.
([28]) An córas fuinnimh a dhigiteáil — plean gníomhaíochta an Aontais(COM/2022/552).
([29]) Tiocfaidh an 'Grúpa Saineolaithe um Fhuinneamh Cliste' i gcomharbas ar an 'Tascfhórsa um Eangacha Cliste'.
([30]) eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022SC0341.
([31]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1162 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023 maidir le ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais (IO L 154, 15.6.2023, Ich. 10).

D'fhéadfadh sainaithint nó clárú na soláthraithe seirbhíse solúbthachta uile a d'fhéadfadh a bheith ann i ngach Ballstát a bheith ina bhfoinse úsáideach faisnéise eile do OCDanna, mar a mhol ACER ina chreat-treoirlíne maidir le cód gréasáin maidir le solúbthacht ó thaobh an éilimh de ([32])[j]. D'fhágfadh sé go bhféadfaí na soláthraithe seirbhíse sin a d'fhéadfadh a bheith cáilithe chun páirt a ghlacadh i seirbhísí solúbthachta mar fhreagairt ar an éileamh a ghabháil go díreach tríd an éileamh a athrú trí fhearais chliste a úsáid nó go hindíreach trí chonradh le comhbhailitheoir.

Ba cheart sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil le haghaidh cheanglais Airteagal 20a(1) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 maidir le cosaint sonraí. Chun na críche sin, áiritheoidh na Ballstáit, agus ceanglais Airteagal 20(a)(1) á dtrasuí acu, go mbunófar an ceart sin go soiléir sa dlí náisiúnta (bunús dlí chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil) agus go n-urramófar rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh na Ballstáit a cheangal ar rialtóirí náisiúnta, i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis cosanta sonraí, treoirlínte a ghlacadh le haghaidh OCDanna maidir leis na sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe a bhailiú maidir le hacmhainneacht freagartha don éileamh agus leictreachas in-athnuaite arna ghiniúint agus arna instealladh isteach san eangach ag féintomhaltóirí agus ag pobail fuinnimh in-athnuaite agus maidir leis na sonraí sin a chur ar fáil trí mhodhanna digiteacha do na gníomhaithe ábhartha. Tá na sonraí sin tábhachtach chun staidreamh oifigiúil a thiomsú ar leibhéal an Aontais, agus dá bhrí sin tá rochtain ar na sonraí sin ríthábhachtach do na húdaráis staidrimh náisiúnta.

Ba cheart do rialálaithe náisiúnta na hoibríochtaí bainistithe sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 20a chur san áireamh freisin maidir le caiteachas caipitil agus oibríochtúil OCDanna, agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le haisghabháil fhéideartha costas trí tharaifí gréasáin, rud a cheanglófar faoin Rialachán athbhreithnithe maidir leis an Margadh Leictreachais ([33]).

Bosca 3 – Bailiú sonraí maidir leis an leictreachas in-athnuaite arna ghiniúint agus arna instealladh isteach san eangach ag féintomhaltóirí agus ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite

Ní mór OCDanna a chur ar an eolas faoi shuiteáil trealaimh giniúna fuinnimh in-athnuaite ina gcórais, rud a tharlaíonn go ginearálta san Aontas trí nós imeachta um nascadh leis an eangach a cheadú nó fógra a thabhairt ina leith. Fad a bheidh an trealamh giniúna fuinnimh in-athnuaite feistithe le gaireas méadraithe tiomnaithe, is féidir leis an oibreoir córais, i bprionsabal, an méid leictreachais arna ghiniúint ag an trealamh sin a shuí. Má tá sí cruinn go leor, rannchuideoidh an fhaisnéis sin freisin leis an oibleagáid sonraí a sholáthar maidir le sciar an leictreachais in-athnuaite.

Chun an méid leictreachais in-athnuaite a chuireann féintomhaltóirí agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite isteach san eangach a chinneadh, is gá freisin méid an leictreachais inathnuaite féintomhalta a shuí. Nuair a tharlaíonn giniúint agus féintomhaltas araon taobh thiar den mhéadar céanna, is é an leictreachas a instealltar isteach san eangach toradh glan an dealaithe idir an ghiniúint agus an féintomhaltas. Nuair a dhéantar giniúint agus féintomhaltas taobh thiar de mhéadair éagsúla, e.g., toisc go ngintear leictreachas in aon áit amháin agus go ndéantar féintomhaltas air in áit eile (e.g., i scéimeanna comhroinnte fuinnimh), meastar gur leictreachas féintomhalta é an leictreachas a úsáidtear ag an bpointe tomhaltais, agus ní mór é a dhealú ón leictreachas a ghintear ag an bpointe giniúna.

3.2. ***Idir-inoibritheacht agus cur chuige comhchuibhithe maidir le rochtain ar shonraí***

3.2.1. *Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(2)*

Ceanglaítear le mír (2) d'Airteagal 20a go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na sonraí (dá dtagraítear i mír a haon) ar fáil go digiteach ar bhealach lena n-áirithítear idir-inoibritheacht bunaithe ar fhormáidí comhchuibhithe sonraí agus ar thacair sonraí chaighdeánaithe. Is príomhchumasóir é an malartú sonraí éifeachtach digiteach sin chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú, chun freagairt don éileamh a ghlacadh agus chun solúbthacht fhoriomlán an ghréasáin leictreachais a áirithiú.

([32]) Míreanna 34 agus 57, FG_DemandResponse.pdf (europa.eu), arna fhoilsiú ag ACER an 20 Nollaig 2022.

([33]) Beidh gá freisin le bainistiú sonraí feabhsaithe ag OCDanna, i measc nithe eile chun go mbeidh siad in ann na forálacha maidir le comhroinnt fuinnimh sa Treoir athbhreithnithe maidir leis an Margadh Leictreachais a chur chun feidhme i gceart, ar dá réir nach mór do OCDanna 'faireachán a dhéanamh ar shonraí méadraithe a bhaineann leis an leictreachas comhroinnte le custaiméirí deiridh ábhartha agus le rannpháirtithe sa mhargadh, agus na sonraí sin a bhailiú, a bhailíochtú agus a chur in iúl gach mí ar a laghad'.

Is é is cuspóir don fhoráil seo gur féidir le rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh leictreachais, lena n-áirítear comhbhailitheoirí agus tomhaltóirí, rochtain a fháil ar na sonraí agus iad a úsáid ar bhealach simplí, le feistí cumarsáide leictreonaí amhail méadair chliste, pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha, córais téimh agus fuaraithe agus córais bainistithe fuinnimh foirgneamh. Rachaidh sé sin chun tairbhe do thomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí feithiclí leictreacha, comhbhailitheoirí agus cuideachtaí bainistithe fuinnimh, toisc go mbeidh siad in ann na sonraí a léamh agus a úsáid ar bhealach éifeachtúil simplí, sonraí is féidir a nuashonrú gar don fhíor-am le formáidí caighdeánaithe sonraí.

3.2.2. *Idir-inoibritheacht agus comhchuibhiú*

Chun an t-ualach riaracháin a theorannú agus chun cur chun feidhme na g**ceanglas idir-inoibritheachta** a éascú chun críoch Airteagal 20a(2), moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as formáidí agus caighdeáin malartaithe sonraí atá comhaontaithe agus comhoiriúnach cheana féin bunaithe ar an tSamhail Choiteann Faisnéise (CIM) arna forbairt ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC) ([34]), lena gceadaítear malartuithe caighdeánaithe sonraí idir oibreoirí córais fuinnimh. Is iad caighdeáin sraithe IEC 62325 (is é sin IEC 62325-351, próifíl malartaithe na samhla margaidh Eorpaí de chuid CIM ([35]) agus tacar caighdeán IEC 62325-451 lena ndírítear ar phríomhphróisis ghnó an mhargaidh inmheánaigh leictreachais, amhail sceidealú, socraíocht, leithdháileadh acmhainne agus ainmniúchán, admháil, etc.) na cinn is iomchuí, toisc go soláthraítear leo na treoirlínte is gá chun faisnéis a mhalartú idir oibreoirí córais ([36]).

Ina theannta sin, chun an ceanglas maidir le hidir-inoibritheacht sonraí a áirithiú a chomhlíonadh, ceanglas is infheidhme maidir leis na Ballstáit, is féidir leis na Ballstáit bearta a éileamh agus a chur i bhfeidhm chun comhoibriú a éascú i measc na n-oibreoirí córais chun na hardáin sonraí agus na moil sonraí éagsúla a dhéanamh idir-inoibritheach ar an leibhéal náisiúnta ar a laghad maidir leis na caighdeáin chéanna a chur i bhfeidhm i dtaca le malartú agus formáid sonraí, agus modheolaíocht chaighdeánaithe API a úsáid más féidir. Moltar do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le struchtúr rialachais CIM (Samhail Choiteann Faisnéise) na próifíle margaidh stíle Eorpaí seanbhunaithe, (mar shampla, meitheal CIM ENTSO-E) chun tástáil chomhréireachta a dhéanamh, chun comhlíonadh na gcaighdeán CIM faoi seach a fheabhsú.

Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as na fóraim bhunaithe sa réimse lena n-áirítear an mheitheal um D4E faoin nGrúpa Saineolaithe um Fhuinneamh Cliste, chun forbairt agus úsáid formáidí sonraí comhchuibhithe agus tacar sonraí caighdeánaithe a éascú chun idir-inoibritheacht a áirithiú chun Airteagal 20a(2) a chur chun feidhme.

I ndáil le coimircí cibearshlándála, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as na rialacha agus na caighdeáin atá ann cheana agus dea-chleachtais a chur chun cinn, go háirithe maidir le cibearshláinteachas, ar gach leibhéal de na heagraíochtaí lena mbaineann (féach Bosca 4 thíos).

Bosca 4 – Infhaighteacht agus idir-inoibritheacht sonraí

Áirítear ceanglais shonracha maidir le comhar agus malartú sonraí idir na hoibreoirí córais cheana féin sa Rialachán Leictreachais (Airteagal 57) agus sa Treoir maidir le Leictreachas (Airteagal 40), agus sna cóid ghréasáin ghaolmhara. Tá ról maoirseachta agus faireacháin ag na húdaráis rialála náisiúnta i gcur chun feidhme reachtaíocht an mhargaidh leictreachais. Leis an reachtaíocht maidir leis an margadh leictreachais, cuirtear chun cinn freisin comhar maidir le saincheisteanna trasteorann le húdaráis rialála na mBallstát lena mbaineann agus le ACER (Airteagal 59 den Treoir maidir le Leictreachas).

Ó bhí 2009 ann, comhlíonann ENTSO-E gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais chun úsáid na Samhla Coitinne Faisnéise (CIM) a chur chun cinn, lena gcumasaítear malartuithe caighdeánaithe sonraí. Tá Coiste Teicniúil Idirnáisiúnta (IEC) an Choimisiúin Leictriteicniúil, i gcomhar le ENTSO-E, ag forbairt chaighdeáin IEC CIM 62325 faoi láthair maidir le malartú sonraí a theastaíonn ó mhargaí fuinnimh díláraithe. D'fhéadfaí sraith caighdeán 62325 IEC a mheas mar rogha réamhshocraithe le haghaidh malartú sonraí uile-Eorpach agus pléadh iad freisin i gcomhthéacs an togra le haghaidh an chóid gréasáin nua maidir le freagairt don éileamh agus tionscadail ábhartha.

Mhol an Tascfhórsa um Eangacha Cliste ([37]) moltaí sa réimse sin, agus cuirfidh an Sainghrúpa um Fhuinneamh Cliste agus an Mheitheal um Shonraí don Fhuinneamh (D4E) comhairle ar an gCoimisiún maidir le creat idir-inoibritheach agus struchtúr rialachais a fhorbairt le haghaidh malartú sonraí gan uaim.

([34]) An tSamhail Choiteann Faisnéise (CIM) (entsoe.eu).

([35]) *CIM Guidelines for the IEC 62325-351 European Style Market Profile Approved as a Technical Specification* [Treoirlínte CIM do IEC 62325-351 Próifíl Margaidh Stíle na hEorpa Formheasta mar Shonraíocht Theicniúil] (entsoe.eu).

([36]) Common Information Model (CIM) for Energy Markets (entsoe.eu).

([37]) Tiocfaidh an 'Grúpa Saineolaithe um Fhuinneamh Cliste' i gcomharbas ar an 'Tascfhórsa um Eangacha Cliste' de bhun an chinnidh ón gCoimisiún an 18.9.2023; 75247a4c-ac08-4884-b743-956b3e3cde8f_en (europa.eu).

Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1162 ceanglais idir-inoibritheachta agus rialacha maidir le nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ag custaiméirí deiridh agus ag páirtithe incháilithe ar shonraí méadraithe agus tomhaltais leictreachais i gcomhréir leis an Treoir maidir le Leictreachas. Bunaítear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme samhail tagartha le haghaidh sonraí méadraithe agus tomhaltais ina leagtar amach rialacha agus nósanna imeachta a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm chun idir-inoibritheacht a chumasú.

Rialaítear na príomhphrionsabail chun cibearshlándáil a áirithiú le haghaidh cumarsáid sonraí le Treoir (AE) 2022/2555 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (Treoir NIS 2) ([38]). Rud atá níos ábhartha don mhargadh leictreachais, leagtar síos na rialacha is gá sa chód gréasáin maidir le rialacha earnáilsonracha le haghaidh gnéithe cibearshlándála de shreafaí leictreachais trasteorann ([39]). Sainítear freisin i sraith caighdeán 62351 IEC na ceanglais chibearshlándála maidir le teicneolaíochtaí slándála a chur chun feidhme sa timpeallacht oibríochtúil, lena n-áirítear réada líonra agus bainistithe córais.

3.3. ***Ceanglas maidir le rochtain ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí a chumasú***

3.3.1. *Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(3)*

Féachtar le hAirteagal 20a(3) cead a thabhairt d'úinéirí nó d'úsáideoirí ceallraí, nó do na heintitis a ghníomhaíonn thar a gceann ([40]), rochtain fíor-ama a bheith acu ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí. Leis sin cuirtear oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go gcumasóidh monaróirí ceallraí baile agus tionsclaíocha, chomh maith le monaróirí feithiclí, rochtain fíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach faoin gCóras Bainistithe Ceallra (BMS).

Cumhdaítear ceithre pharaiméadar go sonrach le faisnéis BMS: a) toilleadh ceallraí, b) staid sláinte (SoH), c) staid luchta (SoC) agus d) pointe socraithe cumhachta. Sainmhínítear na trí pharaiméadar dheireanacha in Airteagal 2, pointí 14j, 14k agus 14l de RED athbhreithnithe. Maidir le ceallraí feithiclí leictreacha (an dara fomhír d'Airteagal 20a(3)), ní mór suíomh feithiclí leictreacha a chumhdach le faisnéis BMS freisin, i gcás inarb iomchuí.

Tá sé ríthábhachtach rochtain saor in aisce agus fíor-ama ar fhaisnéis BMS a chumasú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú, seirbhísí agus cleachtais athluchtaithe éifeachtúla a chur chun cinn, costais a shábháil, agus ar deireadh chun feabhas a chur ar eispéireas custaiméirí. Rannchuideofar freisin le forbairt seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin ó chomhiomlánú na sócmhainní stórála dáilte. Trí fhorbairt BMSanna idir-inoibritheacha a chothú, le cumais dhiagnóiseacha agus thuarthacha fheabhsaithe, cuirfear deiseanna nua gnó ar fáil agus éascófar comhtháthú an chórais fuinnimh.

Cumasaítear le **stóráil suite** (ag baint úsáid as ceallraí tí agus tionsclaíocha) stóráil fuinnimh le húsáid níos déanaí, rud a chabhraíonn le soláthar agus éileamh a chothromú, cobhsaíocht na heangaí a mhéadú, agus fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú san eangach ar bhealach níos éifeachtaí.

Maidir le feithiclí leictreacha, braitheann athluchtú cliste agus déthreoch go príomha ar rochtain oscailte ar shonraí BMS. Is gá sonraí a chur ar fáil go díreach do na tríú páirtithe ábhartha atá ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta nó comhbhailitheoirí, chun glacadh na bhfeidhmiúlachtaí athluchtaithe sin a mhéadú nó chun oibríochtaí athluchtaithe a phleanáil ar bhealach níos fearr. Tá sé sin ábhartha go háirithe ós rud é nach gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil go forleathan ar bhealach cuimsitheach comhchuibhithe sa lá atá inniu ann, rud a bhfuil ualach trom ag baint leis.

— Raon feidhme na hoibleagáide

Tá feidhm ag an oibleagáid sa chéad fhomhír d'Airteagal 20a(3) maidir leis na ceallraí baile agus tionsclaíocha nua uile a chuirtear ar an margadh inmheánach amhail ón 21 Bealtaine 2025.

([38]) Airteagal 29 maidir le socruithe comhroinnte faisnéise i ndáil leis an gcibearshlándáil, Treoir NIS 2 (nis-2-directive.com).

([39]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 ón gCoimisiún an 11 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chód gréasáin a bhunú i ndáil le rialacha earnáilsonracha maidir le gnéithe cibearshlándála de shreafaí leictreachais trasteorann (IO L, 2024/1366, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1366/oj).

([40]) Amhail bainisteoirí córas fuinnimh foirgneamh, soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh leictreachais.

Tá feidhm ag an oibleagáid sa dara fomhír d'Airteagal 20a(3) maidir le ceallraí nua feithiclí leictreacha uile a chuirtear ar an margadh inmheánach amhail ón 21 Bealtaine 2025, ach amháin má tá teorainneacha teicniúla ann lena gcuirtear cosc air. Más rud é go bhfuil teorainneacha teicniúla ann, tá feidhm ag an oibleagáid i bhfomhír 2 d'Airteagal 20a(3) maidir le gach cineál nua feithiclí leictreacha arna bhformheas faoi Rialachán (AE) 2018/858 amhail ón 21 Bealtaine 2025. Cumhdaítear leis an oibleagáid i bhfomhír 2 d'Airteagal 20a(3) ceallraí a úsáidtear i bhfeithiclí ceallra-leictreacha (BEVanna) agus i bhfeithiclí leictreacha hibrideacha inluchtaithe (PHEVanna), de chatagóir L (más mó ná 25 kg a meáchan), nó de chatagóirí M, N nó O, de réir shainmhíniú (14h) d'Airteagal 2 den Treoir.

Cé go bhfuil feidhm ag oibleagáidí Airteagal 20a(3) maidir le monaróirí ceallraí tí, tionsclaíocha agus feithiclí leictreacha, tugtar isteach leo ceanglais bhreise maidir leis na táirgí iad féin, ar an gcaoi chéanna leis an Rialachán maidir le Ceallraí. Dá bhrí sin, ní mór go gcomhlíonfadh na táirgí sin (ceallraí suite agus feithiclí leictreacha) na ceanglais a tugadh isteach le RED athbhreithnithe nuair a chuirtear ar mhargadh an Aontais iad, gan beann ar an áit a dtáirgtear iad, agus ar an gcaoi sin na táirgí sin atá á n-allmhairiú a chur san áireamh. Go sonrach, i gcás fhomhír 2 d'Airteagal 20a(3), leis an oibleagáid déantar difear do EVanna, ar gá dóibh a bheith i gcomhréir le ceanglais RED athbhreithnithe chun iad a chur ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, leis an oibleagáid sin déantar difear freisin don eintiteas a thugann an táirge isteach ar mhargadh an Aontais, i.e. an monaróir, an dáileoir nó an t-allmhaireoir. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú ina reachtaíocht náisiúnta go bhfuil na táirgí uile a chuirtear ar an margadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 20a(3), lena n-áirithítear comhsheasmhacht sa Mhargadh inmheánach.

— Ceanglas ginearálta

Is é BMS an pointe iontrála chun rochtain a fháil ar na sonraí a luaitear san oibleagáid. Is minic a bhíonn BMSanna atá ann cheana ag brath ar bhogearraí dílsithe chun paraiméadair cheallraí a shainiú, rud a chuireann teorainn le hidir-inoibritheacht. Le trasuí Airteagal 20a(3), áiritheofar rochtain ar na paraiméadair a luaitear sa mhír sin trí oibleagáidí a chur ar mhonaróirí ceallraí tí agus tionsclaíocha agus ar mhonaróirí feithiclí leictreacha.

Is éard atá i gceist le rochtain ar shonraí BMS ná:

— **Formáid chomhchuibhithe le haghaidh pointí sonraí** chun ilroinnt a sheachaint. Ag an gcéim seo, tá roinnt caighdeán ann cheana féin nó tá siad á bhforbairt, ach ní chumhdaítear leis sin gach paraiméadar a luaitear i RED athbhreithnithe (féach Tábla 2).

— **Comhéadan céanna a úsáid le haghaidh an mhalartaithe sonraí**: le roinnt téacsanna reachtacha iarrtar malartú sonraí cheana féin maidir le paraiméadair áirithe (féach Table 2). Ar bhonn RED athbhreithnithe, ní mór do mhonaróirí ceallraí agus feithiclí leictreacha a áirithiú go ndéantar na sonraí a chur in iúl i bhfíor-am (féach mír 3.3.4).

Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit an Treoir a chur chun feidhme i gcomhréir leis an treoraíocht seo agus sonrófar a thuilleadh na paraiméadair agus na sonraí nach bhfuil caighdeánaithe go fóill, de réir mar is gá, trí idirphlé, bunaithe ar fhóraim atá ann faoi láthair (amhail an Mheitheal um Mótarfheithiclí, an Grúpa Saineolaithe um Fhuinneamh Cliste agus an Fóram um Iompar Inbhuanaithe ([41])), ina mbeidh an Coimisiún, ionadaithe na mBallstát atá freagrach as fuinneamh agus iompar, an tionscal agus páirtithe leasmhara ábhartha rannpháirteach. Féadfar moltaí a sholáthar leis an idirphlé sin i gcomhlántacht leis an reachtaíocht agus leis an treoir, maidir le cur chun feidhme na forála sin.

Tábla 2

Téacsanna reachtacha nó tionscnaimh atá nasctha leis na paraiméadair a luaitear in Airteagal 20a(3)

Paraiméadar	Statach/ dinimiciúil	Ceallraí suite		Feithicil Leictreach	
		Caighdeán don ríomh	Ceanglas maidir le comhroinnt	Caighdeán don ríomh	Ceanglas maidir le comhroinnt
Toilleadh ceallra	Statach	Caighdeánaithe	An Rialachán maidir le Ceallraí ('toilleadh ainmniúil ([1])' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Amlíne: 18 Lúnasa 2024 ([2]))	CEN/CENELEC (leanúnach) ([3]) Amlíne: Bealtaine 2025	An Rialachán maidir le Ceallraí ('toilleadh ainmniúil' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Amlíne: 18 Lúnasa 2024 – féach bosca 5) An Gníomh um Shonraí (féach bosca 5)

([41]) https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/clean-transport/sustainable-transport-forum-stf_en.

Paraiméadar	Statach/ dinimiciúil	Ceallraí suite		Feithicil Leictreach	
		Caighdeán don ríomh	Ceanglas maidir le comhroinnt	Caighdeán don ríomh	Ceanglas maidir le comhroinnt
Staid sláinte (SoH)	Dinimic-iúil, ag laghdú thar shaolré an cheallra	CEN/CENELEC (leanúnach): Modheolaíocht bunaithe ar na 5 pharaiméadar a liostaítear in Iarscríbhinn VII den Rialachán maidir le Ceallraí.	An Rialachán maidir le Ceallraí (paraiméadair chun SoH a chinneadh, ar bhonn tréimhsiúil - Amlíne: An 18 Lúnasa 2024)	CEN/CENELEC (leanún-ach) ([4]) Amlíne: Bealtaine 2025	An Rialachán maidir le Ceallraí - Amlíne: 18 Lúnasa 2024 ([5]) (ar bhonn tréimhsiúil — féach bosca 5) Rialachán Euro 7 agus Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 22 ó na Náisiúin Aontaithe (trí phort Diagnóisice ar Bord agus ar bhonn roghnach thar an líonra) (amlíne: deireadh 2026) An Gníomh um Shonraí (féach bosca 5)
Staid luchta (SoC)	Dinimic-iúil	Gan aon chaighdeán Sainmhínithe coiteanna i RED athbhreithnithe agus sa Rialachán maidir le Ceallraí	An Rialachán maidir le Ceallraí (a taifeadadh ar bhonn tréimhsiúil, amlíne: 18 Feabhra 2027 – féach bosca 5)	Gan aon chaighdeán Sainmhínithe coiteanna i RED athbhreithnithe agus sa Rialachán maidir le Ceallraí	An Rialachán maidir le Ceallraí (a taifeadadh ar bhonn tréimhsiúil, amlíne: 18 Feabhra 2027 – féach bosca 5) An Gníomh um Shonraí (féach bosca 5) Le ISO 15118-2 cumasaítear cheana féin é a mhalartú gach 500 ms nó 1s idir an fheithicil agus an pointe athluchtaithe. Le ISO 15118-20 cumasaítear é a mhalartú freisin.
Pointe socraithe cumhachta ceallra	Dinimic-iúil	Gan aon chaighdeán	Gan aon cheanglas	Gan aon chaighdeán	An Gníomh um Shonraí (féach bosca 5)
Suíomh *(i gcás inarb iomchuí)*	Dinimic-iúil	*Níor iarradh*	*Níor iarradh*	Caighdeánaithe	An Gníomh um Shonraí (féach bosca 5)

([1]) Ciallaíonn 'toilleadh ainmniúil' (Iarscríbhinn IV) líon iomlán na n-aimpéaruaireanta (Ah) is féidir a tharraingt siar ó cheallra lánluchtaithe faoi choinníollacha tagartha)

([2]) Ón 18 Lúnasa 2024, beidh doiciméad ina bhfuil na luachanna le haghaidh na bparaiméadar feidhmíochta leictriceimicí agus marthanachta a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn IV ag gabháil le ceallraí tionsclaíocha in-athluchtaithe ag a bhfuil toilleadh níos mó ná 2 kWh, ceallraí LMT agus ceallraí feithiclí leictreacha.

([3]) prEN 18060 Feithiclí bóthair — Ceallraí in-athluchtaithe a bhfuil stóráil fuinnimh inmheánach acu — Feidhmíocht na modúl agus na gceallraí alcaile-ian (Li-Ion, Na-Ion), Pb, NiMH agus na modúl agus na gceallraí ceimice EV comhcheangailte

([4]) PrEN 18061 Feithiclí bóthair - Feithiclí a ghluaiseann ar leictreachas - Céimeanna, coinníollacha agus prótacail maidir le deisiú agus athúsáid shábháilte modúl agus ceallraí a dearadh ar dtús le haghaidh feidhmchláir feithiclí leictreacha

([5]) Ón 18 Lúnasa 2024, tabharfar, i gcóras bainistithe ceallraí na gcóras stórála fuinnimh i gceallraí suite, ceallraí LMT agus ceallraí feithiclí leictreacha, sonraí cothrom le dáta le haghaidh na bparaiméadar chun staid sláinte agus saolré ionchasach ceallraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a chinneadh.

Bosca 5 – Gnéithe ábhartha den reachtaíocht atá ann faoi láthair

Tá sé d'aidhm ag an **nGníomh um Shonraí** ([42]) a áirithiú gur féidir le húsáideoirí rochtain a fháil ar na sonraí a ghintear lena ngairis nasctha amhail feithiclí leictreacha, agus iad a úsáid. Déantar foráil leis an nGníomh um Shonraí maidir le hoibleagáid ghinearálta táirgí a dhearadh agus a mhonarú sa chaoi go mbeidh rochtain dhíreach ([43]) ag an úsáideoir ar shonraí, i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha agus indéanta go teicniúil (Airteagal 3(1)). Cumhdaítear leis an oibleagáid sin 'sonraí táirge', i.e. sonraí a ghintear trí úsáid na feithicle agus atá deartha ag an monaróir le bheith in-aisghafa (trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, nasc fisiceach nó rochtain ar an ngaireas). I gcás nach féidir leis an úsáideoir rochtain dhíreach a fháil ar shonraí, ní mór don sealbhóir sonraí 'sonraí atá ar fáil go héasca' (a shainmhínítear faoi Airteagal 5(1)) a chur ar fáil don úsáideoir ar mhodh éigin eile. I gcás inarb ábhartha agus ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, cuirfear na sonraí sin ar fáil go leanúnach agus i bhfíor-am (Airteagal 4(1)). Dá bhrí sin, nuair a shainítear pointí sonraí córais sa reachtaíocht, aithnítear leis an nGníomh um Shonraí ceart na n-úsáideoirí rochtain a fháil ar na sonraí sin agus iad a chomhroinnt le tríú páirtithe a roghnaíonn siad, faoi théarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnacha, neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha. Mar shampla, is pointe sonraí atá sainithe go soiléir é suíomh agus ceadaítear leis an nGníomh um Shonraí don tiománaí suíomh a fheithicle a roinnt i gcomhréir le RGCS agus leis an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas. Ar an gcaoi chéanna, is pointe sonraí é an staid luchta a ghineann an monaróir feithiclí leictreacha, a roinntear cheana féin leis an tiománaí i bhfíor-am. I gcás sealbhóirí sonraí, áfach, foráiltear leis an nGníomh um Shonraí do chúiteamh as sonraí a chur ar fáil do thríú páirtithe ([44])). Tá feidhm ag an nGníomh um Shonraí i dteannta dhlíthe an Aontais agus na ndlíthe náisiúnta maidir le sonraí pearsanta agus cumarsáid leictreonach a chosaint.

Leis an **Rialachán maidir le Ceallraí**, ceanglófar go roinnfear roinnt sonraí faoi chórais stórála fuinnimh nua i gceallraí suite agus faoi cheallraí feithiclí leictreacha nua, ach ní thugtar aghaidh ann ar an ngá atá le rochtain fíor-ama toisc go ndírítear le raon feidhme na forála maidir le comhroinnt sonraí sa Rialachán sin ar chuidiú leis an meastóireacht le haghaidh dara saolré a d'fhéadfadh a bheith ag ceallraí.

Ní mór toilleadh ceallraí, amhail ón 18 Lúnasa 2024, a chur san áireamh i ndoiciméad a ghabhann leis an gceallra. Ag céim níos déanaí, taispeánfar é ar an lipéad ceallra agus amhail ón 18 Feabhra 2027, beidh air a bheith ar fáil freisin sa chuid den phas ceallra a bhaineann le rochtain phoiblí.

Maidir leis an staid sláinte (SoH), amhail ón 18 Lúnasa 2024, beidh na paraiméadair chun staid na sláinte a chinneadh cothrom le dáta agus roinnfear iad leis an duine nádúrtha nó dlítheanach a cheannaigh an ceallra go dleathach nó le tríú páirtí atá ag gníomhú thar a cheann.

I gcás staid luchta (SoC), ón 18 Feabhra 2027, ceanglaítear leis an bpas ceallra an fhaisnéis sin in Iarscríbhinn XIII den Rialachán maidir le Ceallraí a bheith ar fáil do dhaoine a bhfuil leas dlisteanach acu, ach ní éilítear ach faisnéis a thaifeadtar go tréimhsiúil.

3.3.2. *Formáid sonraí ceallra*

Ba cheart an ceanglas maidir le rochtain ar shonraí ceallraí faoi Airteagal 20a a áirithiú trí úsáid a bhaint as an gcaighdeánú atá ann cheana nuair a bheidh sé ar fáil. Níor cheart do na Ballstáit a gcaighdeáin féin a chruthú ar an leibhéal náisiúnta chun ilroinnt a sheachaint.

Nuair nach bhfuil na paraiméadair caighdeánaithe go fóill, ba cheart do na Ballstáit a mholadh do mhonaróirí ceallraí agus feithiclí, a áirithiú go ndéanfar tomhais agus ríomhanna trí úsáid a bhaint as modhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe lena gcuirtear san áireamh na modhanna úrscothacha a aithnítear go ginearálta, agus a meastar go bhfuil neamhchinnteacht íseal ag baint lena dtorthaí, lena n-áirítear modhanna a leagtar amach sna caighdeáin ar foilsíodh tagairtí ina leith chun na gcríoch sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart dóibh a iarraidh orthu freisin na modhanna sin a dhoiciméadú i bhfianaise fíorú a d'fhéadfadh údaráis inniúla a dhéanamh chun idir-inoibritheacht a cheadú.

([42]) Airteagal 3: 'Oibleagáid chun sonraí a fhaightear rochtain orthu trí tháirgí nasctha nó a ghintear le linn seirbhísí gaolmhara a sholáthar a chur ar fáil don úsáideoir. 1. Déanfar táirgí nasctha a dhearadh agus a mhonarú, agus déanfar táirgí gaolmhara a dhearadh agus a chur ar fáil, i gcaoi go mbeidh, trí réamhshocrú, fáil ar shonraí an táirge agus na sonraí seirbhíse gaolmhaire go héasca, lena n-áirítear na meiteashonraí is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, go mbeidh siad saor in aisce, i bhformáid atá cuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá meaisín-inléite, agus, i gcás inarb ábhartha agus inarb féidir go teicniúil, go gcuirfear ar fáil go díreach don úsáideoir iad.'

([43]) Mar shampla, inrochtana ar an ngaireas nó trí chianfhreastalaí dá gcuirtear na sonraí in iúl.

([44]) Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2023/2854: '1. Aon chúiteamh a chomhaontófar idir sealbhóir sonraí agus faighteoir sonraí as sonraí a chur ar fáil i gcaidreamh gnólacht le gnólacht, beidh sé neamh-idirdhealaitheach agus réasúnach, agus féadfar corrlach a áireamh ann'.

— Staid sláinte (SoH)

Ba cheart do na Ballstáit a mholadh do mhonaróirí úsáid a bhaint as torthaí **an chaighdeánaithe atá á fhorbairt faoi láthair ag CEN-CENELEC** (féach an amlíne i dTábla 2).

I gcás feithiclí leictreacha, ba cheart **Staid na sláinte** (in %) a bheith mar phointe sonraí.

I gcás ceallraí suite, ba cheart go n-eascródh an pointe sonraí as an ríomh trí úsáid a bhaint as **na 5 pharaiméadar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán maidir le Ceallraí** ([45]), agus modhanna úrscothacha á n-úsáid.

— Toilleadh ceallra

Ba cheart gurb é an **toilleadh ainmniúil** an sainmhíniú ar thoilleadh ceallra, is é sin luach toillte ceallra, faoi dhálaí sonracha, amhail teocht agus bogthaise choibhneasta, arna dhearbhú ag an monaróir.

— Staid luchta (SoC)

I gcás SoC, fiú mura bhfuil an pointe sonraí sin caighdeánaithe go fóill, tá sé ar fáil cheana féin (agus i gcás feithiclí leictreacha, a thaispeánann monaróir na feithicle de ghnáth ar dheais feithiclí leictreacha, agus b'fhéidir ar an bhfeidhmchlár úsáideora). Dá bhrí sin, moltar go roinnfeadh monaróirí gluaisteán an **SoC reatha in %**.

— Pointe socraithe cumhachta ceallra

Níl an pointe socraithe cumhachta ceallra caighdeánaithe go fóill. D'fhéadfadh sé go gcumhdófaí leis sin an uaschumhacht, ar féidir leis an gceallra a thógáil ag am ar leith (in kW), mar shampla, toisc go n-athraíonn an chumhacht uasta sin go dinimiciúil ag brath, mar shampla, ar theocht an cheallra ([46]).

3.3.3. *Rochtain ar shonraí d'úinéirí, d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe 'ag gníomhú, le toiliú sainráite, thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí'*

— Ceanglas ginearálta

Ní mór do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a cheangal ar mhonaróirí feithiclí agus ar mhonaróirí ceallraí baile/tionsclaíocha araon na sonraí sin a chur ar fáil i bhfíor-am agus gan aon chostas ar úinéirí agus úsáideoirí ceallraí agus feithiclí leictreacha. Ní mór cumarsáid dhíreach idir an ceallra/feithicil agus an tríú páirtí a ghníomhaíonn thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí a chumasú.

Ní mór do na Ballstáit an ceart atá ag úsáideoirí agus úinéirí rochtain a fháil ar shonraí a thabhairt isteach tríd an bhforáil a thrasuí. Sa reachtaíocht sin, ba cheart go leagfaí síos leo freisin an pointe beacht sonraí a bhfuil sé i gceist é a roinnt nuair nach bhfuil sé caighdeánaithe go fóill (féach pointe 3.3.2 thuas).

Thairis sin, bunaítear an ceart atá ag úinéirí agus úsáideoirí na sonraí sin a roinnt le tríú páirtithe faoi na coinníollacha maidir le 'toiliú sainráite'. Ba cheart an 'toiliú sainráite' sin a thuiscint mar údarú ón úinéir/úsáideoir chun na sonraí a chomhroinnt leis an tríú páirtí atá ag gníomhú thar a gceann,, agus ní mar thoiliú de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS). Áirítear na coinníollacha sin san fhoráil chun a áirithiú go mbeidh smacht ag úinéirí agus úsáideoirí ceallraí agus feithiclí leictreacha ar na sonraí sin, agus go gcosnaítear iad agus iad á gcomhroinnt. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit an coinníoll maidir le rochtain a fháil ar shonraí ceallraí a thrasuí ina reachtaíocht, lena n-áirítear an ceanglas maidir le húdarú sainráite ó úinéirí ceallraí agus feithiclí leictreacha agus/nó úsáideoirí ceallraí agus feithiclí leictreacha chun go mbeidh comhroinnt na sonraí dleathach. I gcás ina dtugann daoine nádúrtha an comhaontú maidir leis na sonraí a chomhroinnt, tá feidhm ag RGCS freisin maidir le rochtain ar shonraí pearsanta ceallraí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha agus maidir le próiseáil na sonraí sin ina dhiaidh sin.

I gcás feithiclí leictreacha, cé nach bhfuil sé scríofa go sainráite san fhoráil, baintear de thátal as an tagairt gur gá tríú páirtithe a bheith ag gníomhú thar ceann úinéirí agus úsáideoirí, go bhfuil gá freisin le húdarú sainráite ó úinéirí/úsáideoirí EV chun rochtain a fháil ar shonraí a luaitear sa dara fomhír de 20a(3), rud atá ar aon dul le coinníollacha na chéad fhomhíre. Is féidir le húinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha a bheith ina ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha (i.e.

([45]) IARSCRÍBHINN VII - NA PARAIMÉADAIR CHUN STAID SLÁINTE AGUS SAOLRÉ IONCHAIS CEALLRAÍ A CHINNEADH - Cuid A: Na paraiméadair chun staid sláinte ceallraí feithiclí leictreacha, córas stórála fuinnimh i gceallraí suite agus ceallraí LMT a chinneadh: […] I gcás córais stórála fuinnimh i gceallraí suite agus ceallraí LMT: 1. an toilleadh atá fágtha; 2. i gcás inar féidir, an cumas cumhachta atá fágtha; 3. i gcás inar féidir, an éifeachtúlacht fuinnimh dé-aistir atá fágtha; 4. an t-athrú ar rátaí féin-díluchtaithe; 5. i gcás inar féidir, an fhriotaíocht ómach.

([46]) Mar chuid de na sonraí atá le cur in iúl idir an pointe athluchtaithe agus an fheithicil faoi ISO 15118, is éard atá i gceist le 'pointe socraithe cumhachta' tacar de chineálacha sonraí (faisnéis dhinimiciúil) lena bhforordaítear na socruithe cumhachta leictrí ag ar cheart don cheallra oibriú go barrmhaith le linn oibríocht athluchtaithe nó díluchtaithe.

fiontair, cuideachtaí léasaithe). I gcásanna nach ionann an t-úinéir agus an t-úsáideoir (mar shampla i gcás cuideachtaí léasaithe nó feithiclí comhroinnte laistigh de theaghlach), ba cheart dóibh araon údarú a thabhairt chun na sonraí a chur ar fáil. Mar sin féin, ar mhaithe le nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a luathú, féadfar a iarraidh ar an úinéir an rochtain ar shonraí a údarú aon uair amháin. Moltar freisin nach gcuirfidh sé srian ar rochtain toisc gurb é an t-úsáideoir is mó a bhfuil baint aige leis an gcomhroinnt sonraí sin.

Agus an fhoráil á trasuí, ba cheart do na Ballstáit mionsonraí a sholáthar maidir leis an gcaoi a dtugtar an t-údarú ón úinéir nó ón úsáideoir agus maidir le saintréithe an údaraithe sin. Moltar an t-údarú a thugann an t-úinéir/an t-úsáideoir a bheith sonrach, feasach agus curtha in iúl go sainráite don úinéir/úsáideoir. Ní mór é a dhéanamh trí údarú ar leith chun na críche sonraí sin, i bhfoirm intuigthe a bhfuil rochtain éasca uirthi, agus teanga shoiléir shimplí á húsáid (mar shampla trí ráiteas i scríbhinn, lena n-áirítear trí mheán leictreonach). Moltar do na Ballstáit foirmeacha údaraithe sonracha a chur ar fáil. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tic a chur i mbosca nuair a thugtar cuairt ar aip fóin chliste nó ar shuíomh gréasáin idirlín, socruithe teicniúla a roghnú le haghaidh sheirbhísí na sochaí faisnéise nó ráiteas eile. Níor cheart gurb ionann tost, boscaí ar cuireadh tic leo roimh ré nó neamhghníomhaíocht agus toiliú/údarú.

Ba cheart go mbeifí in ann an t-údarú le haghaidh na sonraí ceallraí a chúlghairm ag am ar bith ionas go mbeidh úsáideoirí a bheidh ina n-ábhair sonraí sa chiall a bhaineann le rialacha cosanta sonraí, in ann an sreabhadh sonraí a rialú i gcónaí.

— Cás an tsuímh

A mhéid a bhaineann le ceallraí feithiclí leictreacha, sa bhreis ar na ceithre pharaiméadar a luaitear thuas, tá oibleagáid in Airteagal 20a(3) **suíomh feithiclí leictreacha** a roinnt, i gcás inarb iomchuí.

Tá roinnt cúiseanna ann go gcuirfeadh comhroinnt an tsuímh le comhtháthú an chórais fuinnimh. Trí eolas a bheith acu ar shuíomh feithiclí leictreacha, is féidir le soláthraithe fuinnimh dáileadh ualaí athluchtaithe ar fud suíomhanna éagsúla a phleanáil ar bhealach níos fearr chun cuidiú leis an éileamh foriomlán ar an eangach a chothromú agus an gá atá le buaic-acmhainneacht chostasach a íoslaghdú. D'fhéadfadh comhroinnt suímh na bhfeithiclí a bheith ábhartha freisin maidir le pleanáil agus réamhaíocht na seisiún athluchtaithe ag an gcomhbhailitheoir. Cuirtear an comhbhailitheoir ar an eolas faoin áit a mbíonn na feithiclí páirceáilte de ghnáth, cé na hamanna agus cá fhad. Thairis sin, trí luchtú feithiclí leictreacha a chomhordú thar thréimhsí ina bhfuil giniúint ard fuinnimh in-athnuaite, is féidir cleachtais athluchtaithe níos inbhuanaithe a bheith ann. D'fhéadfaí a áireamh freisin leis an malartú sonraí a tharlódh roimh an imeacht athluchtaithe faisnéis a mhalartú faoi infhaighteacht stáisiún athluchtaithe chun úsáideoirí a threorú go héifeachtúil chuig stáisiúin athluchtaithe atá ar fáil, go háirithe le linn buaicimeachtaí amhail laethanta saoire.

Le comhroinnt suímh is féidir comhtháthú ó fheithicil go heangach a dhéanamh freisin. Dá mbeifí ar an eolas faoi shuíomh feithiclí leictreacha a bhfuil feidhmiúlachtaí déthreocha acu, d'fhéadfadh dreasacht a bheith ann chun iad a úsáid mar shócmhainn stórála i gcás ina bhfuil gá leo agus d'fhéadfaí fuinneamh a chur ar ais isteach san eangach le linn buaicéilimh. Dá bhrí sin, is féidir le soláthraithe fuinnimh dreasachtaí suíomhbhunaithe a thairiscint chun úsáideoirí feithiclí leictreacha a spreagadh chun a bhfeithiclí a luchtú/a dhíluchtú ag suíomhanna nó amanna sonracha, rud a chuideoidh le hídiú fuinnimh a bharrfheabhsú ar fud na heangaí agus plódú a laghdú.

I bhfianaise an ghá atá le cosaint sonraí a áirithiú, áiritheoidh na Ballstáit go roinnfear an suíomh i gcónaí tar éis údarú úinéir/úsáideoir EV, mar a luaitear thuas, agus i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí.

— Forfheidhmiú

Ba cheart do na Ballstáit smachtbhannaí (lena n-áirítear fíneálacha) a ghlacadh chun na ceanglais nua a leagtar síos i RED athbhreithnithe a fhorfheidhmiú, ach níor cheart go ndiúltófaí cineálcheadú mar thoradh air sin, ná go gcuirfí toirmeasc ar an bhfeithicil chineálcheadaithe a chur ar an margadh ([47])'. D'fhéadfadh na Ballstáit iniúchadh a dhéanamh chun a sheiceáil go gcuirtear sonraí ar fáil i bhfíor-am, i.e. go bhfuil ceanglais Airteagal 20a(3) á gcomhlíonadh ag monaróirí ceallraí tionsclaíocha, ceallraí tí agus feithiclí leictreacha.

3.3.4. *Rochtain ar shonraí ceallraí a áirithiú i 'bhfíor-am', faoi 'théarmaí neamh-idirdhealaitheacha' agus 'gan aon chostas'*

A mhéid a bhaineann le **fíor-am,** leagtar síos leis an Rialachán Leictreachais go bhfuil tréimhse shocraíochta na margaí coimhdeacha agus solúbthachta cothrom 15 nóiméad. Mar sin féin, de réir páirtithe leasmhara agus saineolaithe, chun athruithe suntasacha ar na paraiméadair dá dtagraítear i RED athbhreithnithe agus úsáideacht na sonraí a léiriú, is féidir an mhinicíocht a bheith i raon soicind i gcás roinnt paraiméadar. Dá bhrí sin, tá an mhinicíocht infhaighteachta a mholtar **faoi bhun nóiméad amháin.**

([47]) Sainítear an liosta ceanglas is gá chun formheas cineáil nua a fháil go heisiach i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2018/858 (An Rialachán maidir le Cineálcheadú). Thairis sin, mar a luaitear in Airteagal 6(5) den Rialachán maidir le Cineálcheadú, ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna ná ar aonaid theicniúla ar leithligh a chomhlíonann an Rialachán sin a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís.

I gcás feithiclí leictreacha, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir dhá chás úsáide, mar atá sonraí fíor-ama a chomhroinnt nuair nach bhfuil an fheithicil plugáilte isteach (is é sin nuair atá sé páirceáilte nó ar an mbóthar) chun an chéad oibríocht athluchtaithe eile a bharrfheabhsú (is é sin aidhm Airteagal 20a(3)), agus sonraí a chomhroinnt nuair a bhíonn an fheithicil leictreach plugáilte isteach sa stáisiún athluchtaithe. Ba cheart an dara cás a chumasú go háirithe le caighdeán nua ISO 15118-20. Beidh cur chun feidhme sainordaitheach an chaighdeáin sin faoi réir reachtaíocht thánaisteach atá ar na bacáin faoi Rialachán (AE) 2023/1804 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha ([48]) ach is féidir an prótacal cumarsáide sin a úsáid cheana féin ar bhonn deonach sula mbeidh sé sainordaitheach.

I ndáil le **téarmaí neamh-idirdhealaitheacha**, mínítear le Rialachán (AE) 2023/2854 (aithris 5) go mbeidh rochtain ag úsáideoirí táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire san Aontas, go tráthúil, ar na sonraí a ghintear trí úsáid an táirge nasctha sin nó na seirbhíse gaolmhaire sin agus gur féidir leis na húsáideoirí sin na sonraí a úsáid, lena n-áirítear iad a chomhroinnt lena rogha tríú páirtithe. Leis sin, déantar oibleagáid a fhorchur ar shealbhóirí sonraí sonraí a chur ar fáil d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe is rogha don úsáideoir in imthosca áirithe. Áirithítear leis freisin go gcuirfidh sealbhóirí sonraí sonraí ar fáil d'fhaighteoirí sonraí san Aontas faoi théarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach agus ar bhealach trédhearcach.

Chun críocha Airteagal 20a(3), ba cheart a thuiscint le '**gan aon chostas**' go gcuirtear na sonraí ar fáil gan chostas d'úinéirí ceallraí, d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe.

3.3.5. *Comhéadan an mhalartaithe*

Maidir leis an gcomhéadan le haghaidh na sonraí atá le malartú, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme neamh-chomhoiriúnach a sheachaint sna Ballstáit as a n-eascraíonn easpa idir-inoibritheachta trasteorann.

I ndáil le ceallraí feithiclí leictreacha, sa bhreis ar na sonraí arna mbailiú ag monaróirí feithiclí nó chun críoch cothabhála, tarchuireann an fheithicil sonraí nuair agus í nasctha le stáisiún athluchtaithe trí luchtaire ar bord. Chun críoch athluchtaithe, is é caighdeán ISO 15118 le haghaidh cumarsáid fhisiciúil (shreangaithe) is mó a úsáidtear ag stáisiúin athluchtaithe agus i bhfeithiclí leictreacha. Sa chás sin, tarlaíonn an t-aistriú sonraí nuair a bhíonn an EV nasctha. Chun críocha réamhaisnéise agus chun an chéad oibríocht athluchtaithe eile a phleanáil, ní mór sonraí a chur in iúl **thar an líonra** chun cumarsáid fhíor-ama agus chianda le tríú páirtithe a chumasú.

Rochtain ar shonraí feithicle, is rud í atá á rialáil ar leibhéal an Aontais ó 2007 i leith maidir le sonraí deisithe agus diagnóisic ar bord chun iomaíocht chothrom a áirithiú maidir leis an iarmhargadh deisiúcháin agus chothabhála. Ó shin i leith, tá forbairt tagtha ar mhargadh na bhfeithiclí nasctha. Meastar go raibh nascacht ionsuite ag thart ar 48 % de na gluaisteáin nua uile in 2020, a seoladh an bhliain sin ([49]). In 2030, tá coinne leis go mbeidh 96 % de na gluaisteáin nua go léir a sheoltar ar fud an domhain ina ngluaisteáin nasctha.

Chun comhchuibhiú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear Airteagal 20a(3) chun feidhme ar fud an Aontais, ba cheart monaróirí feithiclí a spreagadh chun na paraiméadair a luaitear san fhoráil sin a chur ar fáil **trí chomhéadan comhchuibhithe lena gcumasaítear comhroinnt fíor-ama**. Sa lá atá inniu ann, roinntear roinnt pointí sonraí a luaitear i RED athbhreithnithe (staid athluchtaithe, toilleadh ceallraí,...) ad hoc cheana féin le tríú páirtithe trí chonarthaí déthaobhacha. Leis an oibleagáid faoi Airteagal 20a(3), ceadaítear do thríú páirtithe nascadh leis an gcomhéadan go héasca agus saor in aisce, agus áirithítear rochtain ar na sonraí a luaitear.

I gcás ceallraí suite, téann sreafaí sonraí ón gCóras Bainistithe Ceallra chuig an gCóras Bainistíochta Fuinnimh (EMS) atá suiteáilte san fhoirgneamh mar aonad neamhspleách nó mar chuid de chóras bainistíochta foirgneamh. Is féidir faisnéis ó EMS a roinnt le húsáideoirí agus le tríú páirtithe, ag baint úsáid as caighdeáin éagsúla.

I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit rochtain dhíreach ar EMS nó BMS a éascú le haghaidh úinéirí/úsáideoirí ceallraí suite agus tríú páirtithe, i gcomhréir leis an rialachán maidir le cosaint sonraí, leis na Gníomhartha um Shonraí agus um Chibearshlándáil ([50]).

([48]) De bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2023/1804, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe chun Iarscríbhinn II a leasú trí shonraíochtaí teicniúla a thabhairt isteach le haghaidh na réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn II (Sonraíochtaí teicniúla) chun idir-inoibritheacht theicniúil iomlán an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a chumasú.

([49]) https://www.statista.com/statistics/1276018/share-of-connected-cars-in-total-new-car-sales-worldwide/

([50]) RIALACHÁN (AE) 2019/881 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, Ich. 15).

Tá nádúr na ngaireas atá nasctha le BMS agus an ailtireacht nasctha éagsúil leis an bhfeidhmchlár agus le soláthraí an chórais. Is féidir é a dhéanamh trí inbhéartóir nó trí chumarsáid dhíreach le EMS. Go ginearálta, tá go leor roghanna caighdeánaithe le haghaidh cumarsáide le EMS agus BMS ar fáil sa mhargadh faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a mholadh do mhonaróirí na prótacail chaighdeánaithe a chur chun feidhme, nuair a bheidh siad ar fáil, chun idir-inoibritheacht a bhaint amach.

Is gá úsáid a bhaint as na caighdeáin atá ann cheana maidir leis an tsamhail sonraí agus cumarsáid idir BMS agus EMS, agus ansin ó EMS chuig na tríú páirtithe ([51]). D'fhéadfaí cumarsáid leis na húinéirí nó le tríú páirtithe a chumasú trí chumarsáid chaighdeánaithe, nó trí chaighdeáin teachtaireachta agus APInna (e.g. trí sheirbhísí gréasáin a úsáid), agus trí thógáil ar mhalartuithe sonraí bunúsacha atá ann cheana a bhaineann go sonrach le fearann.

3.4. *Oibleagáid feidhmiúlachtaí athluchtaithe cliste agus, i gcás inarb iomchuí, feidhmiúlachtaí athluchtaithe déthreocha a áirithiú*

3.4.1. *Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(4)*

Le hAirteagal 20a(4) cuirtear oibleagáid ar na Ballstáit nó ar a n-údaráis inniúla ainmnithe a áirithiú, amhail ón dáta trasuite, go dtacófar le feidhmiúlachtaí athluchtaithe cliste le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nua agus pointí athluchtaithe gnáthchumhachta a athsholáthraítear nach bhfuil inrochtana go poiblí agus atá suiteáilte ina gcríoch. Tá an ceanglas céanna in Airteagal 14 den Treoir maidir le FFF.

Meastar gurb ionann **pointí athluchtaithe nua agus pointí athluchtaithe a athsholáthraítear** agus gach pointe athluchtaithe nua a shuiteáiltear i stáisiúin athluchtaithe nó a chuirtear in ionad pointí athluchtaithe atá ann cheana.

Tá oibleagáid le hAirteagal 5(8) de AFIR cheana cumais athluchtaithe chliste a áirithiú ag pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus a chuirtear ar oibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal. Mar sin féin, ní thugtar aghaidh le AFIR ar athluchtú cliste ag pointí athluchtaithe nach bhfuil inrochtana don phobal.

Sonraítear le hAirteagal 20a(4) de RED freisin, i gcás inarb iomchuí, nach mór do phointí athluchtaithe gnáthchumhachta nua agus a athsholáthraítear nach bhfuil inrochtana don phobal, ag a bhfuil feidhmiúlachtaí athluchtaithe chliste, a bheith in ann tacú leis an **gcomhéadan le córais méadraithe chliste**, ar choinníoll go n-imscarfar na córais sin sna Ballstáit.

Ina theannta sin, sonraítear le hAirteagal 20a(4), i gcás inarb iomchuí, nach mór pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nua agus pointí athluchtaithe gnáthchumhachta a athsholráthraítear nach bhfuil inrochtana don phobal a bheith in ann tacú le feidhmiúlachtaí **athluchtaithe déthreocha**, i dtaca le hAirteagal 15(3) agus (4) de AFIR ([52]).

Is féidir le hathluchtú cliste tairbhí a sholáthar don eangach tríd an ualach a aistriú in am gan gníomhú mar stóráil. Éilítear leis a chinntiú go ndéantar an t-ualach ar an eangach a luchtú agus a chothromú go héifeachtúil agus go tráthúil ag brath ar staid athluchtaithe na ceallraí. Ós rud é go bhfágann athluchtú déthreoch gur féidir le ceallraí feithiclí leictreacha gníomhú cosúil le ceallraí eile atá nasctha leis an eangach, éascaítear comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite inathraithí trí chead a thabhairt farasbarr fuinnimh a stóráil nuair a bhíonn praghsanna ísle ann agus an fuinneamh sin a sholáthar ar ais don eangach nuair a bhíonn praghsanna fuinnimh ard agus nuair a bhíonn an ghiniúint in-athnuaite níos gainne. Le rochtain oscailte ar shonraí an chórais bainistithe ceallraí (BMS), is féidir rialú beacht a dhéanamh ar shreabhadh déthreoch fuinnimh, lena gcumasaítear straitéisí comhtháthaithe eangaí amhail córais 'ó fheithicil go heangach' (V2G) agus 'ó fheithicil go baile' (V2H).

Is é is aidhm d'Airteagal 20a(4) margadh a chumasú le haghaidh athluchtú cliste agus déthreoch feithiclí leictreacha ag bonneagar athluchtaithe nach bhfuil inrochtana don phobal. Tá an t-athluchtú cliste agus déthreoch ábhartha go háirithe maidir le bonneagar athluchtaithe príobháideach, i dtithe, in oifigí, agus maidir le flíteanna príobháideacha ina mbíonn gluaisteáin páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí níos faide. Is féidir leis seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a sholáthar don eangach. Sa chás gur bonneagar déthreoch é an bonneagar athluchtaithe, agus sa chás sin amháin, is féidir le feithiclí leictreacha feidhmiú mar fheistí stórála fuinnimh lena soláthraítear cumhacht le linn buaicéilimh agus, ar an gcaoi sin, cobhsaíocht a sholáthar don eangach leictreachais le linn buaicuaireanta nó le linn éigeandálaí.

Tá an t-athluchtú déthreoch fós ag céim luath forbartha agus níl sé ar fáil ach i roinnt tíortha Eorpacha (agus i gcéimeanna píolótacha) mar gheall ar roinnt bacainní amhail taraifí neamhfhabhracha eangaí leictreachais, cánachas dúbailte, easpa margaí le haghaidh acmhainní fuinnimh dáilte agus riachtanas tiontaithe ó DC (ceallra) go pointe athluchtaithe AC, arb í sin an teicneolaíocht a úsáidtear de ghnáth i bpointí athluchtaithe baile/ionad oibre. Mar sin féin, le tabhairt chun críche na gcaighdeán tacaíochta le déanaí (is é sin ISO 15118-20 ([53])), cumasaítear athluchtú cliste agus déthreoch agus áirithítear idir-inoibritheacht na cumarsáide sonraí idir feithiclí leictreacha agus pointí athluchtaithe.

([51]) Caighdeáin: IEC TC57 (Bainistiú córas cumhachta agus malartú faisnéise gaolmhar) amhail IEC 61850, OpenADR agus IEC 60870-5-104. Trí IEC 6087-5-104 nó IEC 61850 a úsáid, is féidir le OCDanna nascadh go díreach le córais SCADA.

([52]) Rialachán (AE) 2023/1804 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur chun úsáide.

([53]) Caighdeán críochnaithe: https://www.iso.org/standard/77845.html.

Tá dlúthbhaint ag cur chun feidhme fhorálacha RED athbhreithnithe maidir le hathluchtú déthreoch le forálacha i ngníomhartha reachtacha eile amhail Airteagal 15(3) agus (4) de AFIR agus Airteagal 14 den Treoir maidir le FFF. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go n-áiritheoidh na Ballstáit dlúthchomhar ar fud a ranna rialtais éagsúla chun trasuí agus cur chun feidhme éifeachtach agus comhleanúnach an Airteagail sin a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta.

3.4.2. *Athluchtú cliste*

Le hoibleagáid Airteagal 20a(4) ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le pointí athluchtaithe nach bhfuil inrochtana don phobal agus a shuiteálfar ó dháta thrasuí na Treorach mar phointí nua nó chun pointí athluchtaithe atá ann cheana a athsholáthar, gur féidir leo tacú le feidhmiúlachtaí athluchtaithe cliste. Áiritheofar go mbeidh pointí athluchtaithe príobháideacha, a shuiteálfar ó dháta thrasuí na Treorach, cliste i.e., go mbeifear in ann déine an leictreachais a sheachadfar chuig an gceallra a choigeartú go dinimiciúil, ar bhonn faisnéis a gheofar trí chumarsáid leictreonach.

Ba cheart do na Ballstáit dreasachtaí a chur ar bun le haghaidh úsáideoirí feithiclí leictreacha chun úsáid a bhaint as athluchtú cliste, is é sin tacú le teacht chun cinn conarthaí athluchtaithe cliste sa mhargadh. Ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh conarthaí praghsála dinimiciúla ar fáil do chustaiméirí deiridh, mar a leagtar síos sa Treoir maidir le Leictreachas, agus gur féidir le hacmhainní fuinnimh dáilte (amhail ceallraí gluaisteán) a bheith mar chuid de sheirbhísí cothromúcháin, go háirithe maidir le bainistiú ar phlódú eangaí.

Le rialáil na mBallstát, ba cheart luchtú seachbhuaice a spreagadh freisin mar bhealach chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an eangach. Trí úinéirí feithiclí leictreacha a dhreasú chun a bhfeithiclí a luchtú le linn uaireanta seachbhuaice, sheachnófaí brú iomarcach ar an eangach le linn amanna buaicéilimh, agus bheadh luchtú costéifeachtach á chur chun cinn do thomhaltóirí ag an am céanna. I ndáil leis sin, ba cheart pointí athluchtaithe a oibrítear le linn uaireanta seachbhuaice mar réamhshocrú a spreagadh.

Sa lá atá inniu ann, ní rialaítear go díreach le reachtaíocht an Aontais nascadh díreach stáisiún athluchtaithe le giniúint in-athnuaite. Faoi chuimsiú chomhtháthú an chórais fuinnimh, is é leictreachas a thógáil ón eangach an bealach is éifeachtúla fós chun an táirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó oibríochtaí athluchtaithe a bharrfheabhsú.

— Áiríodh leis an Treoir athbhreithnithe maidir leis an Margadh Leictreachais (EMD) bearta chun dlús a chur le nascadh leis an eangach (go háirithe (i) an creat atá le soláthar ag na Ballstáit chun nascadh pointí athluchtaithe leis na gréasáin dáileacháin a éascú, (ii) foilsiú faisnéise ag OCDanna, laistigh de 3 mhí ó thíolacadh na hiarrata, maidir leis an acmhainneacht atá ar fáil le haghaidh naisc nua lena n-áirítear an acmhainneacht faoi iarraidh ar nascadh, (iii) an fhéidearthacht ceangal leis an eangach a iarraidh go heisiach i bhfoirm dhigiteach).

— Fógraíodh leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis na hEangacha freisin bearta tábhachtacha amhail tacaíocht d'oibreoirí córais ó ENTSO-E agus ó OCD an Aontais chun nósanna imeachta a dhigitiú agus a chuíchóiriú maidir le hiarrataí ar nascadh leis an eangach (treoir agus moltaí atá le heisiúint faoi lár 2025) agus comhroinnt sonraí ag úsáideoirí gréasáin chun tacú le OCDanna riachtanais ghréasáin a phleanáil.

— Leis an athbhreithniú ar RED, tá bearta tábhachtacha déanta ag an Aontas freisin chun dlús a chur le ceadú RESanna agus tionscadal stórála comhshuite a nascadh leis an eangach.

Dá bhrí sin, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

— nósanna imeachta cuíchóirithe níos simplí a áirithiú, nuair is ann dóibh, chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an eangach trí fhorálacha nithiúla a leagan síos sa reachtaíocht ábhartha ionas go mbeidh ar OCDanna freagra a thabhairt in am réasúnta ar iarraidh ó úsáideoirí nua a bhíonn ag iarraidh nascadh leis an eangach (e.g. feithiclí leictreacha, stóráil, RES...);

— a áirithiú go gcuirfidh OCDanna agus OCTanna faisnéis ar fáil go rialta maidir leis na hacmhainneachtaí óstála eangaí atá ar fáil ina limistéir chomh maith le hiarrataí ar phíblíne maidir le nascadh leis an eangach, leis an oiread faisnéise mionsonraithe is féidir ó thaobh spáis agus ama de, ionas gur féidir le húsáideoirí líonraí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear oibreoirí pointí athluchtaithe, iad a chur san áireamh ina gcinntí pleanála agus infheistíochta.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go gcuirfidh na páirtithe leasmhara ábhartha a bhfuil baint acu le bonneagar leictrea-shoghluaisteachta a phleanáil agus a fhorbairt (e.g. bardais, údaráis iompair, eintitis phríobháideacha) faisnéis rialta ar fáil do OCDanna maidir le tionscadail a bheidh ann amach anseo le haghaidh bonneagar ríomhluchtaithe, roimh na hiarrataí ar nascadh leis an eangach, chun tacú le pleanáil forbartha gréasáin OCDanna.

3.4.3. *Comhéadan le méadair chliste, i gcás inarb iomchuí*

Ar an iomlán, is féidir le méadair chliste freagairt don éileamh a éascú go mór, trí ligean do thomhaltóirí feasacht a mhéadú maidir lena n-ídiú fuinnimh agus sonraí mionsonraithe cruinne a sholáthar go tráthúil do sholáthróirí fuinnimh, a dhreasaíonn, in éineacht le taraifí ama úsáide agus praghsanna dinimiciúla, an luchtú tráth a bhíonn an t-éileamh íseal nó nuair a bhíonn an sciar in-athnuaite ard. I ndáil leis sin, is comhpháirt riachtanach de chóras athluchtaithe cliste iad comhéadain le córais méadraithe chliste i gcás ina n-imscarann na Ballstáit na córais sin.

Déantar foráil le hAirteagail 19 agus 20 den Treoir maidir le Leictreachas ([54]) maidir le ceanglais mhionsonraithe i ndáil le córais méadraithe chliste a chur in úsáid. I gcás ina ndéanfar córais méadraithe chliste a imscaradh go córasach tar éis an 4 Iúil 2019, ba cheart go ndéanfaí na feidhmiúlachtaí sonracha a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 20 agus in Iarscríbhinn II a chomhlíonadh, lena n-áirítear an cumas faisnéis a sholáthar do chustaiméirí deiridh maidir le tomhaltas iarbhír cruinn agus am úsáide cruinn. Ba cheart go mbeadh custaiméirí in ann rochtain a fháil ar shonraí tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe agus ar shonraí tomhaltais atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe. Ba cheart sonraí neamhbhailíochtaithe a bheith inrochtana trí chomhéadan caighdeánaithe nó trí chianrochtain, chun tacú le cláir éifeachtúlachta fuinnimh uathoibrithe, freagairt don éileamh agus seirbhísí eile (e.g. athluchtú cliste). Dá bhrí sin, maidir le córais méadraithe chliste lena gcomhlíontar ceanglais Airteagal 20 agus Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Leictreachas, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nua agus pointí athluchtaithe gnáthchumhachta a athsholáthraítear nach bhfuil inrochtana don phobal agus atá suiteáilte ar a gcríoch tacú leis an gcomhéadan le córais méadraithe chliste.

Luaitear freisin sa Treoir maidir le Leictreachas nach bhfanfaidh córais méadraithe chliste, nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 20 agus Iarscríbhinn II, i mbun oibríochta tar éis an 5 Iúil 2031.

Ba cheart do na Ballstáit treoirlínte praiticiúla a sholáthar le critéir nó sonraíochtaí teicniúla áirithe chun an comhéadan le córais méadraithe chliste a áirithiú.

Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1162 ([55]), maidir le sonraí atá gar d'fhíor-am ach nach bhfuil bailíochtaithe a sholáthar trí chomhéadan caighdeánaithe, i gcás inarb infheidhme, tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar úsáid na gcaighdeán ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear caighdeáin lena gcumasaítear idir-inoibritheacht. Gan dochar d'fhorbairtí amach anseo, áirítear an liosta (neamh-uileghabhálach) seo a leanas ar na caighdeáin atá ar fáil agus atá in úsáid i gcleachtais náisiúnta tráth foilsithe an Rialacháin Cur Chun Feidhme:

— EN 50491-11

— sraith EN 62056 – DLMS/COSEM

— sraith EN 13757 – M-Bus Sreangaithe agus Gan Sreang

— EN16836 – Zigbee SEP 1.1

3.4.4. *Athluchtú déthreoch, i gcás inarb iomchuí*

Sainmhínítear athluchtú déthreoch mar oibríocht athluchtaithe chliste inar féidir treo an tsreafa leictreachais a aisiompú, rud a fhágann gur féidir le leictreachas sreabhadh ón gceallra go dtí an pointe athluchtaithe lena bhfuil sé nasctha. Cuimsítear leis, dá bhrí sin, na príomhfheidhmeanna V2X, is é sin ó Fheithicil-go-hEangach (V2G), ó Fheithicil-go-Baile (V2H), Ó Fheithicil-go-Foirgneamh (V2B), etc.

Le hathluchtú déthreoch cuideofar le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú níos fearr sa chóras fuinnimh agus leis an eangach a dhéanamh níos athléimní, agus tairbhí airgeadais á gcur ar fáil do thomhaltóirí ag an am céanna. Tá acmhainneacht mhór ag feithiclí leictreacha solúbthacht agus slándáil an tsoláthair a áirithiú ([56]) rud a fhágfaidh go mbeidh déine carbóin níos ísle ag an gcóras leictreachais.

Tá sé de rogha ag na Ballstáit, nó ag a n-údaráis inniúla ainmnithe, sainiú a dhéanamh ar na cásanna ina gcaithfear tacú le feidhmiúlachtaí athluchtaithe déthreocha ag pointí athluchtaithe príobháideacha. Agus é sin á shainiú, ba cheart do na Ballstáit forálacha Airteagal 15(3) agus (4) de AFIR a chur san áireamh, forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le pointí athluchtaithe poiblí agus príobháideacha araon agus a éilíonn measúnuithe sonracha a dhéanamh a bhaineann le hathluchtú déthreoch faoi mhí an Mheithimh 2024 agus gach 3 bliana, is é sin maidir leis an méid seo a leanas:

— conas a d'fhéadfaí a chur ar chumas d'feithiclí leictreacha rannchuidiú a thuilleadh le solúbthacht an chórais fuinnimh le himscaradh agus oibriú pointí athluchtaithe (Airteagal 15(3));

([54]) Treoir (AE) 2019/944.

([55]) San Iarscríbhinn, Tábla 3 – Coinníollacha Nós Imeachta.

([56]) EC (2019), Effect of electromobility on the power system and the integration of RES [Éifeacht na leictrea-shoghluaisteachta ar an gcóras cumhachta agus ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite]

— an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ag athluchtú déthreoch, chun costais úsáideoirí agus córais a laghdú, agus chun sciar an leictreachais in-athnuaite sa chóras leictreachais a mhéadú (Airteagal 15(4)).

Ceanglaítear freisin le hAirteagal 15(3) agus (4) de AFIR go gcuirfidh na Ballstáit torthaí na measúnuithe thuasluaite san áireamh agus go gcuirfidh siad ar fáil go poiblí iad, agus más gá, go ndéanfaidh siad bearta iomchuí a mhéid a bhaineann le comhsheasmhacht na pleanála bonneagair a áirithiú leis an bpleanáil eangaí chomhfhreagrach agus infhaighteacht gheografach agus dáileadh pointí athluchtaithe déthreocha i limistéir phríobháideacha a choigeartú.

Luaitear in Airteagal 15(3) go bhféadfaidh na Ballstáit a chur de chúram ar an údarás rialála náisiúnta an measúnú a dhéanamh, agus i gcás Airteagal 15(4) ceanglaítear ar an údarás rialála tabhairt faoin measúnú ar bhonn ionchuir ó oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin.

Chuige sin, bheadh ar na Ballstáit na moltaí a eascraíonn as na measúnuithe sin faoi AFIR a chur san áireamh chun mionléiriú a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil luchtú déthreoch indéanta.

Is iad seo a leanas na cásanna ina bhféadfadh luchtú déthreoch a bheith ar an gceann is ábhartha:

— **Nuair is mó na tairbhí príobháideacha a bhfuil coinne leo ná costais** - Na tairbhí a bhfuil coinne leo a bhaineann le hathluchtú déthreoch a rachadh chun tairbhe do na teaghlaigh/gnólachtaí ar leo na stáisiúin athluchtaithe, is mó iad ná na costais bhreise a bhaineann leis an mbonneagar athluchtaithe a shuiteáil lena gceadaítear athluchtú déthreoch.

— **Nuair a bhíonn méid an bhonneagair athluchtaithe mór**, mar shampla i spásanna oifige agus i bhfoirgnimh mhóra chónaithe.

— **Nuair a bhíonn acmhainneacht shuntasach ann maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite a ghiniúint** – Le luchtú déthreoch féadfar farasbarr fuinnimh in-athnuaite a stóráil agus é a scaoileadh ar ais chuig an eangach nuair is gá.

— **Nuair a bhíonn gá ar leith le solúbthacht mar gheall ar phlódú eangaí cumhachta i limistéar ar leith** - Le luchtú déthreoch i limistéir phlódaithe féadfar cabhrú le táirgeadh foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus riachtanais leathnaithe eangaí a laghdú an tráth céanna.

— **Nuair a bhíonn gá sonrach le cobhsaíocht agus iontaofacht na heangaí a fheabhsú** - Le luchtú déthreoch féadfar tacú leis an eangach trí sheirbhísí eile a sholáthar, amhail rialú voltais agus seirbhísí éigeandála.

— **Nuair a bhíonn stóráil taobh thiar den mhéadar nó grianfhuinneamh fótavoltach san fhoirgneamh** - D'fhéadfaí úsáideoirí a spreagadh chun feidhmiúlachtaí athluchtaithe déthreocha a cheadú má tá foinsí fuinnimh in-athnuaite stórála nó dáilte acu, toisc go méadóidís na tairbhí a bhaineann le luchtú déthreoch.

Níl pointí athluchtaithe tapa oiriúnach d'oibríochtaí athluchtaithe déthreocha.

Cé nach leagtar síos le hAirteagal 20(4) ceanglais shonracha maidir le conas athluchtú cliste agus déthreoch a áirithiú le haghaidh pointí athluchtaithe nach bhfuil inrochtana don phobal, sa bhreis ar na ceanglais theicniúla, d'fhéadfadh na Ballstáit dreasachtaí a chur ar bun le haghaidh úsáideoirí feithiclí leictreacha chun athluchtú déthreoch a úsáid amhail:

— Dreasachtaí airgeadais (nó dreasachtaí eile) a sholáthar chun pointí athluchtaithe déthreocha a shuiteáil.

— Praghsáil dhinimiciúil a chumasú (nó straitéisí praghsála níos simplí maidir le ham úsáide) chun úinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha a spreagadh chun an iompraíocht athluchtaithe a choigeartú de réir na gcomharthaí praghais. Áirítear cheana sa Rialachán Leictreachais agus sa Treoir maidir le Leictreachas (Airteagal 11) forálacha áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an bpraghsáil dhinimiciúil. Bheadh sé ríthábhachtach taraifí eangaí arna n-idirdhealú ar bhonn ama a thabhairt isteach agus a áirithiú go gcosnófar tomhaltóirí leochaileacha trí bheartas sóisialta, seachas trí idirghabhálacha praghais (de réir Airteagal 5(2) den Treoir maidir le Leictreachas).

Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit muirir dhúbailte a sheachaint, lena n-áirítear muirir ghréasáin, le haghaidh leictreachas stóráilte a fhanann laistigh d'áitribh tomhaltóirí gníomhacha a bhfuil úinéireacht ar shaoráid stórála acu, nó nuair a bheidh seirbhísí solúbthachta á soláthar d'oibreoirí córais, mar a iarrtar in Airteagal 15(5) ([57]) den Treoir maidir le Leictreachas.

([57]) Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na tomhaltóirí gníomhacha a bhfuil úinéireacht ar shaoráid stórála acu: (a) go mbeidh acu an ceart nascadh leis an eangach laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis iarraidh chuige sin a dhéanamh, ar choinníoll go mbeidh na coinníollacha is gá, amhail freagracht chothromúcháin agus méadrú leormhaith, comhlíonta; (b) nach bhfuil siad faoi réir aon mhuirir dhúbailte, lena n-áirítear muirir ghréasáin, le haghaidh leictreachas stóráilte a fhanann ina n-áitreabh nó nuair a bhíonn seirbhísí solúbthachta á soláthar acu d'oibreoirí córais; (c) nach bhfuil siad faoi réir ceanglas ceadúnaithe nó táillí ceadúnaithe díréireacha; (d) go gceadaítear dóibh roinnt seirbhísí a sholáthar go comhuaineach, má tá sé indéanta go teicniúil.

Ba cheart do na Ballstáit margadh solúbthachta a chumasú freisin le haghaidh acmhainní fuinnimh dáilte (lena n-áirítear stóráil) chun feabhas a chur ar chomhordú tionscnamh athluchtaithe déthreoch agus gníomhaíochtaí OCD.

Agus foráil maidir le hathluchtú cliste agus déthreoch á cur chun feidhme, tá sé ríthábhachtach go staonfaidh na Ballstáit ó chaighdeáin náisiúnta nó sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh agus go n-úsáidfidh siad ina ionad sin na caighdeáin nó na ceanglais Eorpacha atá ann cheana a eascraíonn as reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh chun margadh Eorpach rianúil don luchtú déthreoch a chumasú. Go háirithe, glacadh caighdeán cumarsáide idir feithiclí leictreacha agus bonneagar athluchtaithe chun luchtú déthreoch a chumasú, ach chun athluchtú cliste a éascú freisin, in 2022 (ISO 15118-20). Beidh cur chun feidhme sainordaitheach an chaighdeáin sin faoi réir reachtaíocht thánaisteach atá ar na bacáin faoi Rialachán(AE) 2023/1804 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha ([58]). Is féidir le monaróirí gluaisteán é a chur chun feidhme cheana féin ar bhonn deonach. I ndáil leis sin, nuair a úsáideann na Ballstáit athluchtú déthreoch, ba cheart feithiclí leictreacha agus crua-earraí stáisiúin athluchtaithe a bheith ag brath ar ISO 15118-20.

3.4.5. *Ríomhfhánaíocht*

Cuirtear i dtábhacht in Aithris 56 de Threoir (AE) 2023/2413 go bhfuil sé tairbhiúil gur féidir le húsáideoirí feithiclí leictreacha a síntiús le seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta a úsáid ag pointí athluchtaithe iomadúla ('ríomhfhánaíocht'). Leis an bhféidearthacht sin maidir le ríomhfhánaíocht, áirithítear rogha an tomhaltóra agus éascaítear oibríochtaí athluchtaithe don úsáideoir. Cheana féin sa lá atá inniu ann, tá ríomhfhánaíocht bunaithe go forleathan agus ar fáil ag formhór mór na bpointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal ar fud an Aontais. D'fhéadfadh roinnt buntáistí a bheith ag baint le héascú breise a dhéanamh ar ríomhfhánaíocht ag pointí athluchtaithe comhroinnte atá faoi úinéireacht phríobháideach, amhail iad siúd sna carrchlóis in óstáin nó in oifigí. Is féidir le húsáideoirí feithiclí leictreacha úsáid a bhaint as a síntiúis lena soláthraí seirbhíse soghluaisteachta, rud a mhéadaíonn áisiúlacht an athluchtaithe. Thairis sin, laghdódh sé an gá atá ag úsáideoirí feithiclí leictreacha cártaí iomadúla nó aipeanna fóin chliste a iompar chun rochtain a fháil ar líonraí athluchtaithe príobháideacha éagsúla a bhfuil rochtain ag an úsáideoir EV orthu. Dá bhrí sin, moltar do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun fánaíocht a chur chun cinn a thuilleadh ag pointí athluchtaithe príobháideacha (seachas dá n-úsáid féin), faoi na rialacha a bhunaítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/1804.

3.5. ***Rochtain neamh-idirdhealaitheach do shócmhainní stórála beaga agus soghluaiste ar na margaí leictreachais***

3.5.1. *Forléargas ginearálta ar na hoibleagáidí in Airteagal 20a(5)*

Ceanglaítear le hAirteagal 20a(5) go n-áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar leis an gcreat rialála náisiúnta do **chórais bheaga nó mhóibíleacha** (mar shampla, feithiclí leictreacha, rothair lasta leictreacha, teaschaidéil, painéil ghréine, ceallraí agus foinsí beaga díláraithe fuinnimh eile) **a bheith rannpháirteach sna margaí leictreachais**, lena n-áirítear le haghaidh bainistiú ar phlódú agus chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a sholáthar, lena n-áirítear trí chomhiomlánú. Ina theannta sin, ceanglaítear ar na Ballstáit cothrom iomaíochta agus rannpháirtíocht **neamh-idirdhealaitheach** sna margaí leictreachais a sholáthar do shócmhainní fuinnimh beaga díláraithe nó do chórais mhóibíleacha.

Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagal 20a(5) go mbunóidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh agus leis na húdaráis rialála uile, **ceanglais theicniúla** maidir le rannpháirtíocht córas beag nó móibíleach sna margaí leictreachais, ar bhonn shaintréithe teicniúla na gcóras sin.

Is é **cuspóir foriomlán** don fhoráil sin go méadófaí ról na n-acmhainní dáilte trína chur ar a gcumas seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a sholáthar don eangach d'fhonn éifeachtúlacht fhoriomlán na heangaí leictreachais a mhéadú.

Trí leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na n-acmhainní fuinnimh dáilte (amhail ceallraí tí agus ceallraí feithiclí leictreacha, teaschaidéil nó painéil fhótavoltacha), cuirfear solúbthacht shuntasach ar fáil don eangach, chun an soláthar agus an t-éileamh a chothromú. Thairis sin, le hacmhainní den sórt sin cuirtear teorainn le hinfheistíochtaí le haghaidh leathnú na heangaí mar gheall ar leictriú méadaithe.

([58]) Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, trí ghníomh tarmligthe faoi AFIR atá le glacadh in 2024, sainordú a chur leis an gcaighdeán sin maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus nach bhfuil inrochtana don phobal.

Mínítear in Aithris 57 de RED athbhreithnithe, chun forbairt seirbhísí solúbthachta a sholáthraítear le hacmhainní fuinnimh dáilte a éascú, gur cheart na forálacha rialála, amhail na forálacha a bhaineann le taraifí, amanna gealltanais agus sonraíochtaí nasctha, a dhearadh ar bhealach nach gcuireann isteach ar acmhainneacht na sócmhainní stórála uile, lena n-áirítear cinn bheaga agus mhóibíleacha agus gairis eile, mar shampla, teaschaidéil, painéil ghréine agus stóráil theirmeach, chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don chóras agus chun rannchuidiú le dul i bhfód breise leictreachais in-athnuaite, i gcomparáid le sócmhainní stórála suite níos mó. Sa bhreis ar na forálacha ginearálta lena gcoisctear idirdhealú sa mhargadh a leagtar síos leis an Rialachán Leictreachais agus leis an Treoir maidir le Leictreachas, ba cheart ceanglais shonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt go hiomlánaíoch ar rannpháirtíocht na sócmhainní sin agus chun deireadh a chur le haon bhacainní atá fós ann maidir le leas a bhaint as acmhainneacht na sócmhainní sin chun cabhrú le dícharbónú an chórais leictreachais agus chun cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí páirt ghníomhach a ghlacadh san aistriú fuinnimh.

Go sonrach, maidir le rannpháirtíocht neamh-idirdhealaitheach na gcóras stórála móibíleach agus sócmhainní beaga díláraithe fuinnimh eile sna margaí leictreachais, luaitear in aithris 58 de RED athbhreithnithe go gciallaíonn sé sin go mbeidh sócmhainní beaga in ann a bheith rannpháirteach i ngach margadh leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a sholáthar ar bhealach neamh-idirdhealaitheach i gcomparáid le córais eile giniúna agus stórála leictreachais, agus gan ualach díréireach riaracháin nó rialála.

3.5.2. *Oibleagáid mhionsonraithe*

Maidir leis na **ceanglais theicniúla shonracha** dá dtagraítear in Airteagal 20a(5) chun rannpháirtíocht sna margaí leictreachais a áirithiú, tá roinnt rialacha teicniúla faoin Treoir maidir le Leictreachas agus faoin Rialachán Leictreachais á gcur i bhfeidhm faoi láthair agus soláthrófar leo an bonn freisin chun Airteagal 20a(5) a thrasuí agus a chur chun feidhme. Is é an ceann is ábhartha an cód gréasáin atá ar na bacáin maidir le freagairt don éileamh ([59]), a mheastar a ghlacfaidh an Coimisiún mar ghníomh tarmligthe in 2025, agus soláthrófar leis na rialacha comhchuibhithe agus na soiléirithe is gá maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach, lena n-áirítear maidir le ról na gcomhbhailitheoirí neamhspleácha a éascú agus aghaidh a thabhairt ar shaintréithe sonracha na sócmhainní beaga stórála amhail ceallraí feithiclí leictreacha.

Moltar do na Ballstáit úsáid córas bainistithe lóid a chur chun cinn toisc go bhfuil tairbhí ag baint leo chun an t-ualach a dháileadh le linn an ama agus idir feithiclí, agus ar an gcaoi sin buaicphointí a sheachaint nuair a atá roinnt feithiclí leictreacha á luchtú ag an suíomh céanna.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis na gnéithe sonracha seo a leanas agus an oibleagáid thuas á trasuí agus á cur chun feidhme:

1. **Rannpháirtíocht i margaí acmhainne** — moltar do na Ballstáit rannpháirtíocht gan uaim a áirithiú i margaí sásra acmhainneachta le haghaidh sócmhainní dáilte, trí íosmhéideanna tairisceana a ísliú, agaí íosta tionscanta a ísliú idir an próiseas leithdháilte a thabhairt i gcrích agus tús an tseachadta, lena dteorannaítear an rogha maidir le conarthaí fadtéarmacha lena dtugtar tús áite do ghnáthfhoinsí acmhainne agus sócmhainní níos mó thar chomhbhailitheoirí a bhfuil foinsí níos nuaí acu (e.g. déanann an Fhrainc deimhniú acmhainneachta a chleachtadh suas le 2 mhí roimh bhliain an tseachadta); teorainn a chur le tréimhsí seachadta (e.g., le haghaidh séasúir shonracha nó uaireanta sonracha den bhliain);

2. **Margaí/seirbhísí solúbthachta áitiúla, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú** - d'fhéadfadh na Ballstáit sainordú a thabhairt ar an leibhéal náisiúnta maidir le sainmhínithe comhchoiteanna ar tháirgí le haghaidh seirbhísí eile arna soláthar ag OCDanna ar bhonn na gceanglas teicniúil a leagtar síos ar leibhéal an Aontais. Is féidir é sin a bhaint amach trí ardáin mhargadhbhunaithe um bainistiú ar phlódú (e.g. GOPACS san Ísiltír), lena bhfíoraítear tairiscintí ar athsheoladh agus ar chiorrú ualaigh ar an leibhéal náisiúnta (trí ghníomhaíochtaí ábhartha um bainistiú ar phlódú a chomhcheangal le gníomhaíochtaí margaidh contrártha chun an eangach a chothromú);

3. **Saobhadh ar an margadh miondíola** – ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar solúbthacht sócmhainní beaga/soghluaiste a lua go sainráite sa phraghas ar bhealach trédhearcach. Dá bhrí sin, scaoilfeadh a n-úinéirí solúbthacht agus bheadh sí ar fáil do chomhbhailitheoirí le haghaidh seirbhísí solúbthachta éagsúla.

([59]) Bunaithe ar Chreat-Treoirlínte ACER maidir le Freagairt don Éileamh, a fhorbrófar ina sraith rialacha comhchuibhithe ar fud an Aontais lena rialófar gnéithe éagsúla de sholúbthacht ó thaobh an éilimh de.

D'fhéadfadh na Ballstáit tús a chur cheana féin le simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta réamhcháiliúcháin a dtabharfar aghaidh orthu sa chód gréasáin maidir le freagairt don éileamh. Déantar foráil leis maidir le réamhcháiliú náisiúnta coiteann ar fud na margaí uile, lena gcuirtear fíorú ex post i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí áitiúla um bainistiú ar phlódú agus rialú voltais (tríd an bpróiseas réamhcháiliúcháin a laghdú go tástáil chumarsáide, malartú sonraí, gnéithe airgeadais agus forálacha dlíthiúla, e.g. mar a rinneadh cheana san Eastóin agus sa Fhrainc le haghaidh roinnt táirgí cothromúcháin). D'fhéadfaí a cheadú leis freisin go ndéanfaí cineálacha aonaid éagsúla a chomhiomlánú laistigh den táirge céanna agus go laghdófaí na ceanglais maidir le sócmhainní comhchosúla táirgí comhiomlánaithe, agus go laghdófaí na ceanglais réamhcháiliúcháin i gcás athruithe ar tháirgí. Mar shampla, sa Spáinn, tá táirgí comhbhailitheora réamhcháilithe ina n-iomláine má tá toilleadh faoi bhun 1MW ag sócmhainní aonair.

Bosca 6 — Gnéithe ábhartha faoin Treoir maidir le Leictreachas agus faoin Rialachán Leictreachais

Leis an Treoir maidir le Leictreachas, cuirtear i bhfeidhm na bunrialacha maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar mhargaí solúbthachta (Airteagal 3), féidearthachtaí maidir le comhiomlánú (neamhspleách) (Airteagal 13) agus ról na gcustaiméirí gníomhacha (Airteagail 15-17) atá rannpháirteach sna margaí leictreachais (a bhfuil saoráid stórála fuinnimh acu). Ceanglaítear leis go gcuirfidh na Ballstáit bearta iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh oibreoirí córas dáileacháin in ann seirbhísí solúbthachta a fháil ó sholáthraithe giniúna dáilte, freagartha don éileamh nó stórála fuinnimh. Cuirtear i bhfeidhm leis freisin na ceanglais maidir le hinfhaighteacht praghsála dinimiciúla (Airteagal 11). Dá bhrí sin, le trasuí iomlán na Treorach maidir le Leictreachas atá ann faoi láthair, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na príomhbhacainní ar rochtain neamh-idirdhealaitheach mhargaidh le haghaidh córais bheaga agus mhóibíleacha agus le haghaidh a gcomhbhailitheoirí ar mhargaí leictreachais agus bonn maith a chur ar fáil chun forálacha Airteagal 20a(5) a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, tá forálacha sa **Rialachán Leictreachais** (AE) 2019/943 maidir le feidhmiú na margaí leictreachais in Airteagal 6 (maidir le heagrú na margaí cothromúcháin), Airteagal 18 (muirir ar rochtain ar an líonra), Airteagal 20 (leordhóthanacht acmhainní), agus Airteagal 22 (prionsabail deartha na sásraí acmhainneachta).

Comhlánófar na forálacha dlíthiúla le cód gréasáin maidir le freagairt don éileamh ina sonrófar na coinníollacha chun go mbeidh foinsí beaga gníomhach i margaí solúbthachta. Leagfar síos leis rialacha teicniúla sonracha ar leibhéal an Aontais chun iontráil neamh-idirdhealaitheach sa mhargadh agus rannpháirtíocht i seirbhísí solúbthachta a chumasú do chineálacha éagsúla córas beag agus móibíleach lena n-áirítear feithiclí leictreacha agus a gcomhbhailitheoirí. Leis an gcód gréasáin, soiléireofar an creat agus na ceanglais theicniúla do chomhbhailitheoirí chun a ról ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh, e.g. samhlacha éagsúla comhiomlánaithe a shainiú, modhanna bailithe agus comhroinnte chun an tsolúbthacht a sholáthraítear a chainníochtú (modheolaíochtaí bunlíne), agus nósanna imeachta réamhcháiliúcháin a mholadh mar aon le prionsabail le haghaidh socrú airgeadais an ioncaim a ghintear trí sholúbthacht.

IARSCRÍBHINN I

Oibleagáidí faoi Airteagal 20a

Airteagal 20a - Comhtháthú córais de leictreachas in-athnuaite a éascú

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar oibreoirí córais tarchurtha agus, má tá na sonraí ar fáil dóibh, ar oibreoirí córas dáileacháin ina gcríoch sonraí a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas a sholáthraítear i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir in eatraimh ama atá ar cóimhéid le minicíocht socraíochta an mhargaidh ach nach mó ná aon uair an chloig amháin, le réamhaisnéis i gcás inar féidir. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil rochtain ag oibreoirí córas dáileacháin ar na sonraí is gá. Mura bhfuil rochtain ag oibreoirí córas dáileacháin, de bhun an dlí náisiúnta, ar na sonraí uile is gá, cuirfidh siad an córas tuairiscithe sonraí atá ann cheana faoin Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais i bhfeidhm, i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2019/944. Cuirfidh na Ballstáit dreasachtaí ar fáil le haghaidh uasghráduithe ar eangacha cliste chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar chothromaíocht na heangaí agus chun sonraí fíor-ama a chur ar fáil.

   Má tá siad ar fáil go teicniúil, cuirfidh oibreoirí córas dáileacháin sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe ar fáil freisin maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh agus maidir leis an leictreachas in-athnuaite arna ghiniúint agus arna instealladh isteach san eangach ag féintomhaltóirí agus ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite.

2. Cuirfear na sonraí dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go digiteach ar bhealach lena n-áirithítear idir-inoibritheacht ar bhonn formáidí comhchuibhithe sonraí agus ar bhonn tacair sonraí chaighdeánaithe ionas gur féidir le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, comhbhailitheoirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh iad a úsáid ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus gur féidir le feistí cumarsáide leictreonaí amhail córais méadraithe chliste, pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha, córais téimh agus fuaraithe agus córais bainistíochta fuinnimh foirgneamh iad a léamh.

3. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1542, áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh monaróirí ceallraí baile agus ceallraí tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach maidir leis an gcóras bainistithe ceallraí, lena n-áirítear toilleadh ceallraí, staid sláinte, staid luchta agus pointe socraithe cumhachta, d'úinéirí agus úsáideoirí ceallraí, chomh maith le tríú páirtithe atá ag gníomhú, le toiliú sainráite, thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail gnóthais bainistíochta fuinnimh foirgneamh agus rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, gan aon chostas agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí.

   Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a chur de cheangal ar mhonaróirí feithicle sonraí infheithicle a chur ar fáil, i bhfíor-am, ar sonraí iad a bhaineann le staid sláinte ceallra, staid luchta ceallra, pointe socraithe cumhachta ceallra, toilleadh ceallra, agus, i gcás inarb iomchuí, suíomh feithiclí leictreacha, le húinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh maith le tríú páirtithe atá ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais agus soláthraithe seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas, i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí, agus sa bhreis ar cheanglais bhreise maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1804, áiritheoidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla ainmnithe gur féidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nua agus pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ionadaithe nach bhfuil inrochtana go poiblí atá suiteáilte ar a gcríoch tacú le feidhmiúlachtaí athluchtaithe chliste agus, i gcás inarb iomchuí, leis an gcomhéadan le córais méadraithe chliste, nuair atá siad imscartha ag na Ballstáit, agus le feidhmiúlachtaí athluchtaithe dhéthreoch i gcomhréir le ceanglais Airteagal 15(3) agus (4) den Rialachán sin.

5. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/943 agus Treoir (AE) 2019/944, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar leis an gcreat rialála náisiúnta do chórais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí baile agus feithiclí leictreacha agus foinsí fuinnimh beaga díláraithe eile a bheith rannpháirteach sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus soláthar seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin, lena n-áirítear trí chomhiomlánú. Chuige sin, bunóidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh agus leis na húdaráis rialála uile, ceanglais theicniúla maidir le rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, ar bhonn shaintréithe teicniúla na gcóras sin.

   Cuirfidh na Ballstáit cothrom iomaíochta sna margaí leictreachais ar fáil do shócmhainní fuinnimh beaga díláraithe nó córais mhóibíleacha agus áiritheoidh siad rannpháirtíocht neamh-idirdhealaitheach sna margaí leictreachais dóibh.

IARSCRÍBHINN II

Sainmhínithe ábhartha

Sainmhínithe ábhartha le haghaidh Airteagal 20a(1):

— Sainmhínítear **oibreoir córais dáileacháin** in Airteagal 2(29) de Threoir (AE) 2019/944 mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, atá freagrach as an gcóras dáileacháin i limistéar ar leith agus, i gcás inarb infheidhme, idirnaisc an chórais sin le córais eile a oibriú, agus as an gcothabháil air a áirithiú agus, más gá, as an gcóras sin a fhorbairt, agus as cumas an chórais san fhadtéarma éilimh réasúnta ar dháileadh leictreachais a chomhlíonadh;

— Sainmhínítear oibreoir córais tarchurtha in Airteagal 2(35) de Threoir (AE) 2019/944 mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an gcóras tarchurtha i limistéar ar leith agus, i gcás inarb infheidhme, idirnaisc an chórais sin le córais eile a oibriú, agus as an gcothabháil air a áirithiú agus, más gá, as an gcóras sin a fhorbairt, agus as cumas an chórais san fhadtéarma éilimh réasúnta ar tharchur leictreachais a shásamh;

— Sainmhínítear an **crios tairisceana** in Airteagal 2(14a) de RED Athbhreithnithe, agus tagraítear leis do shainmhíniú Airteagal 2(65) de Rialachán (AE) 2019/943, is é sin an limistéar geografach is mó ina bhfuil rannpháirtithe sa mhargadh in ann fuinneamh a mhalartú gan leithdháileadh acmhainne;

— Sainmhínítear **gar d'fhíor-am** in Airteagal 2(26) de Threoir(AE) 2019/944 i gcomhthéacs an mhéadraithe chliste mar thréimhse ghearr ama, roinnt soicindí de ghnáth nó tréimhse suas go dtí an tréimhse chun éagothroime a shocrú sa mhargadh náisiúnta;

— Is ionann **minicíocht socraíochta an mhargaidh** agus 'tréimhse chun éagothroime a shocrú', mar atá in Airteagal 2(15) de Rialachán(AE) 2019/943;

— Sainmhínítear **freagairt don éileamh** in Airteagal 2(20) de Threoir (AE) 2019/944 mar an t-athrú ar an ualach leictreachais ag custaiméirí deiridh óna ngnáthphatrúin tomhaltais nó óna bpatrúin tomhaltais reatha mar fhreagairt ar chomharthaí margaidh, lena n-áirítear mar fhreagairt ar phraghsanna leictreachais atá inathraithe de réir ama nó íocaíochtaí dreasachta, nó mar fhreagairt ar ghlacadh thairiscint an chustaiméara deiridh laghdú nó méadú éilimh a dhíol ar phraghas i margadh eagraithe mar a shainmhínítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún, bíodh sin ina aonar nó trí chomhiomlánú;

— Sainmhínítear **féintomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite** in Airteagal 2(14) de Threoir (AE) 2018/2001 mar chustaiméir deiridh a oibríonn ó laistigh dá áitreabh atá suite laistigh de theorainneacha cúnga nó, i gcás ina gceadaíonn Ballstát amhlaidh, laistigh d'áitreabh eile, a ghineann leictreachas in-athnuaite dó féin, agus a fhéadfaidh leictreachas in-athnuaite féinghinte a stóráil nó a dhíol, ar choinníoll, i gcás féintomhaltóir fuinnimh in-athnuaite neamhtheaghlaigh, nach ionann na gníomhaíochtaí sin agus an phríomhghníomhaíocht tráchtála nó ghairmiúil acu;

— Sainmhínítear **comhphobail fuinnimh in-athnuaite** in Airteagal 2(16) de Threoir (AE) 2018/2001 mar eintiteas dlítheanach, atá, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, bunaithe ar rannpháirtíocht oscailte dheonach, atá neamhspleách, agus atá á rialú go héifeachtach ag scairshealbhóirí nó comhaltaí atá lonnaithe i ngar do na tionscadail fuinnimh in-athnuaite atá faoi úinéireacht an eintitis dhlítheanaigh sin agus atá á bhforbairt aige; (b) ar daoine nádúrtha, FBManna, údaráis áitiúla, bardais san áireamh, nó iad a scairshealbhóirí nó a chomhaltaí; (c) ar príomhchuspóir dó sochair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta seachas brabús airgeadais a sholáthar dá scairshealbhóirí nó dá bhallraíocht nó do na ceantair áitiúla ina bhfeidhmíonn sé.

Sainmhínithe ábhartha le haghaidh Airteagal 20a(2):

— Sainmhínítear **idir-inoibritheacht** in Airteagal 2(40) de Rialachán(AE) 2023/2854 mar chumas dhá cheann nó níos mó de spásanna sonraí nó líonraí cumarsáide, córais, táirgí nasctha, feidhmchláir, seirbhísí próiseála sonraí nó comhpháirteanna, sonraí a mhalartú agus a úsáid chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh;

— Sainmhínítear **idir-inoibritheacht** i gcomhthéacs an mhéadraithe chliste in Airteagal 2(24) de Threoir (AE) 2019/944 mar chumas dhá cheann nó níos mó de líonraí, córais, gairis, feidhmchláir nó comhpháirteanna fuinnimh nó cumarsáide a bheith in ann idir-oibriú chun faisnéis a mhalartú agus a úsáid chun feidhmeanna riachtanacha a dhéanamh.

Sainmhínithe ábhartha le haghaidh Airteagal 20a(3):

— Sainmhínítear **ceallra baile** in Airteagal 2(14g) de RED athbhreithnithe mar cheallra in-athluchtaithe neamhspleách de thoilleadh ainmniúil ar mó é ná 2 kwh, atá oiriúnach lena shuiteáil agus lena úsáid i dtimpeallacht bhaile;

— Sainmhínítear **ceallra feithiclí leictreacha** in Airteagal 2(14h) de RED athbhreithnithe agus is tagairt é d'Airteagal 3(1), pointe (14) de Rialachán (AE) 2023/1542, is é sin ceallra atá deartha go sonrach chun cumhacht leictreach a sholáthar le haghaidh fórsa tarraingthe i bhfeithiclí hibrideacha nó leictreacha de chatagóir L dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, a bhfuil meáchan níos mó ná 25 kg ann, nó ceallra atá deartha go sonrach chun cumhacht leictreach a sholáthar le haghaidh fórsa tarraingthe i bhfeithiclí hibrideacha nó leictreacha de chatagóirí M, N nó O dá bhforáiltear i Rialachán(AE) 2018/858;

— Sainmhínítear **ceallra tionsclaíoch** in Airteagal 2(14i) de RED athbhreithnithe agus is tagairt é d'Airteagal 3(1), pointe (13) de Rialachán (AE) 2023/1542, mar cheallra atá deartha go sonrach le haghaidh úsáidí tionsclaíocha, atá beartaithe le haghaidh úsáidí tionsclaíocha tar éis a bheith faoi réir ullmhúcháin le haghaidh athrú cuspóra nó athrú cuspóra, nó aon cheallra eile ar mó a mheáchan ná 5 kg agus nach ceallra feithicle leictrí, ceallra LMT, ná ceallra SLI é;

— Sainmhínítear **staid sláinte** in Airteagal 2(14j) de RED athbhreithnithe agus is tagairt é d'Airteagal 3(1), pointe (28) de Rialachán (AE) 2023/1542, mar thomhas ar staid ghinearálta ceallra in-athluchtaithe agus ar a chumas an fheidhmíocht shonraithe a sholáthar i gcomparáid leis an riocht a bhí air ar dtús;

— **Sainmhínítear staid luchta** in Airteagal 2(14k) de RED athbhreithnithe agus is tagairt é d'Airteagal 3(1), pointe (27), de Rialachán(AE) 2023/1542, mar an fuinneamh atá ar fáil i gceallra arna shloinneadh mar chéatadán dá thoilleadh ainmniúil arna dhearbhú ag an monaróir;

— Sainmhínítear **pointe socraithe cumhachta** in Airteagal 2(14l) de RED athbhreithnithe mar an fhaisnéis dhinimiciúil a choinnítear i gcóras bainistithe ceallra lena bhforordaítear na socruithe cumhachta leictrí ag a n-oibríonn an ceallra go barrmhaith le linn oibríocht athluchtaithe nó díluchtaithe, ionas go ndéanfar a staid sláinte agus a úsáid oibríochtúil a bharrfheabhsú;

— Sainmhínítear **Córas Bainistithe Ceallra** in Airteagal 3(25) de Rialachán (AE) 2023/1542 mar ghaireas leictreonach lena rialaítear nó lena mbainistítear feidhmeanna leictreacha agus teirmeacha ceallra chun sábháilteacht, feidhmíocht agus ré feidhme an cheallra a áirithiú, lena mbainistítear agus lena stóráiltear na sonraí le haghaidh na bparaiméadar chun staid sláinte agus saolré ionchasach an cheallra a chinneadh agus lena ndéantar cumarsáid leis an bhfeithicil, leis na modhanna éadroma iompair nó leis an ngaireas ina bhfuil an ceallra ionchorpraithe, nó le bonneagar athluchtaithe poiblí nó príobháideach.

Sainmhínithe ábhartha le haghaidh Airteagal 20a(4):

— Sainmhínítear **córas méadraithe chliste** in Airteagal 2(14c) de RED athbhreithnithe agus is tagairt é d'Airteagal 2, pointe (23), de Threoir (AE) 2019/944; mar chóras leictreonach atá in ann leictreachas a chuirtear isteach san eangach nó leictreachas a ídítear ón eangach a thomhas, lena soláthraítear níos mó faisnéise ná gnáthmhéadar, agus atá in ann sonraí a tharchur agus a fháil chun críocha faisnéise, faireacháin agus rialaithe, agus úsáid á baint as cumarsáid leictreonach de chineál éigin;

— **Sainmhínítear pointe athluchtaithe in Airteagal 2(14d) de RED athbhreithnithe** agus is tagairt é d'Airteagal 2, pointe (48), de Rialachán (AE) 2023/1804 mar chomhéadan doghluaiste nó soghluaiste, ar an eangach nó lasmuigh den eangach chun leictreachas a aistriú chuig feithicil leictreach, ar comhéadan é nach bhfuil in ann ach feithicil leictreach amháin a athluchtú ag an am, cé go bhféadfadh nascóir amháin nó níos mó a bheith aige chun freastal ar chineálacha éagsúla nascóirí, agus lena n-eisiatar gairis a bhfuil aschur cumhachta níos lú ná 3,7 kW nó cothrom leis sin acu agus nach é is príomhchuspóir dóibh feithiclí leictreacha a athluchtú;

— Sainmhínítear **athluchtú cliste** in Airteagal 2(14m) de RED athbhreithnithe mar oibríocht athluchtaithe ina ndéantar déine an leictreachais a sheachadtar chuig an gceallra a choigeartú go dinimiciúil, ar bhonn faisnéis a fhaightear trí chumarsáid leictreonach;

— Sainmhínítear **athluchtú déthreoch** in Airteagal 2(14o) de RED athbhreithnithe agus is tagairt é d'Airteagal 2, pointe (11), de Rialachán (AE) 2023/1804 mar oibríocht athluchtaithe chliste inar féidir treo an tsreafa leictreachais a aisiompú, rud a fhágann gur féidir le leictreachas sreabhadh ón gceallra go dtí an pointe athluchtaithe lena bhfuil sé nasctha;

— Sainmhínítear **pointe athluchtaithe gnáthchumhachta** in Airteagal 2(14p) de RED athbhreithnithe agus is tagairt é d'Airteagal 2, pointe (37), de Rialachán (AE) 2023/1804 mar phointe athluchtaithe ag a bhfuil aschur cumhachta níos lú ná 22 kW nó cothrom leis chun leictreachas a aistriú chuig feithicil leictreach.

Sainmhínithe ábhartha le haghaidh Airteagal 20a(5):

— Sainmhínítear **comhiomlánú** in Airteagal 2(18) de Threoir (AE) 2019/944 mar fheidhm a dhéanann duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhcheanglaíonn ualaí custaiméirí iolracha nó leictreachas arna ghiniúint lena dhíol, lena cheannach nó lena cheantáil in aon mhargadh leictreachais;

— Sainmhínítear **comhbhailitheoir neamhspleách** in Airteagal 2(19) de Threoir (AE) 2019/944 mar rannpháirtí sa mhargadh a bhíonn ag gabháil do chomhbhailiú nach bhfuil cleamhnaithe le soláthróir an chustaiméara;

— Sainmhínítear **giniúint dháilte** in Airteagal 2(32) de Threoir (AE) 2019/944 mar shuiteálacha giniúna atá nasctha leis an gcóras dáileacháin;

— Sainmhínítear **stóráil fuinnimh** in Airteagal 2(59) de Threoir (AE) 2019/944 mar atá, sa chóras leictreachais, úsáid deiridh leictreachais a chur siar go dtí tráth níos déanaí ná an uair a gineadh é, nó fuinneamh leictreach a thiontú go cineál fuinnimh is féidir a stóráil, stóráil fuinnimh den sórt sin, agus fuinneamh den sórt sin a thiontú ar ais ina dhiaidh sin go fuinneamh leictreach nó é a úsáid mar iompróir fuinnimh eile;

— Sainmhínítear **solúbthacht** in Airteagal 2(79) de Rialachán (AE) 2019/943 arna leasú, mar chumas córais leictreachais oiriúnú d'inathraitheacht na bpatrún giniúna agus tomhaltais agus infhaighteacht na heangaí, thar thráthchláir mhargaidh ábhartha.